

**AN GHAEILGE
SA CHÓRAS OIDEACHAIS
Ó THUAIDH**

Gael Linn

Feabhra, 2018



AN CLÁR ÁBHAR

Lch	Teideal
3	Intreoir
4	An Ghaeilge i mBunscoileanna Béarla
13	An Ghaeilge in Iarbhunscoileanna Béarla
23	An Córas Gaelscolaíochta
31	Oideachas Luathbhlianta agus Réamhscolaíochta
34	Soláthar do Shainriachtanais Oideachais sa Chóras Gaelscolaíochta
37	Áiseanna Foghlama agus Múinteoireachta don Chóras Gaelscolaíochta
40	An Ghaeilge san Oideachas Tríú Leibhéal
43	Príomh-mholtaí a eascraíonn ón tuairisc seo

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais ó Thuaidh

Intreoir

Féachtar sa tuairisc seo le cur síos a dhéanamh ar na saincheisteanna is mó a bhaineann leis an Ghaeilge sa chóras oideachais ó thuaidh i láthair na huaire. Sa chéad dá chaibidil, pléitear múineadh agus foghlaim na teanga i scoileanna Béarla. Díritear ar an chóras gaelscolaíochta sna caibidílí eile.

San earnáil Bhéarla, tá laghdú ag teacht ar líon na ndaltaí atá ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge ag leibhéal GCSE, AS agus A2 le roinnt blianta anuas. Deir daoine atá ag obair san earnáil go bhfuil “géarchéim” ann. Pléitear na fáthanna atá leis an mheath agus déantar moltaí leis an scéal a fheabhsú. Ó thaobh na bunscolaíochta de, molann na saineolaithe gné riachtanach den churaclam a dhéanamh de nuatheangacha. Níl comhionannas deiseanna ann faoi láthair ó thaobh foghlaim teangacha de do dhaltaí bunscoile.

Maidir leis an ghaelscolaíocht, tá fás mór tagtha ar an earnáil le fiche bliain anuas agus meastar go dtiocfaidh dúbailt ar líon na ndaltaí idir seo agus 2023. Tá an baol ann, áfach, go mbeidh géarchéim ann mura gcuirfear straitéis shainoiriúnaithe i bhfeidhm gan mhoill.

Is léir go bhfuil lúb ar lár ann chomh fada agus a bhaineann sé le déanamh cinntí tábhachtachta ag an Roinn Oideachais agus ag an Údarás Oideachais. Mar shampla, tugadh an curaclam bunscoile isteach sa reachtaíocht gan machnamh cuí a bheith déanta ar na himpleachtaí a bheadh ann don ghaeloideachas. Áiríonn Comhairle na Gaelscolaíochta fócas aonteangach an chóras oideachais ar na dúshláin is mó atá le sárú san earnáil ghaeloideachais. Cothaíonn dearcadh aonteangach na n-údarás deacrachtaí ar leibhéal éagsúla, ina measc cóiríocht, buiséadú, soláthar i leith sainriachtanais oideachais.

Fuarthas an t-eolas sa tuairisc seo ó thaighde atá foilsithe ag eagrais ghaeloideachais agus institiúidí tríú leibhéal agus eagrais Ghaeilge. Cuireadh faoi agallamh daoine atá ag obair san earnáil agus bhí comhráite ann le múinteoirí san earnáil Bhéarla.

An Ghaeilge i mBunscoileanna Béarla

Baineann an chuid seo le bunscoileanna Béarla. Tá cur síos gonta ann ar an chuid sin de Churaclam Thuaisceart Éireann (“an Curaclam”) a bhaineann leis an bhunscolaíocht, ar na réimsí foghlama atá ann agus ar na croiscileanna agus príomhchumais a bhíonn á bhforbairt ag daltaí. Tugtar eolas ar stádas na Gaeilge i gcomhthéacs an Churaclaim agus ar an Chlár Nuatheangacha Bunscoile a tugadh isteach in 2007 agus ar cuireadh deireadh leis in 2015. Pléitear torthaí an taighde a rinne an Chomhairle um an Curaclam, Scrúdúchán agus Measúnú (CCEA) faoin chlár áirithe sin: tá eolas ann a d’fhéadfadh a bheith mar bhunchloch le scéimeanna úra nuatheangacha i mbunscoileanna Béarla (agus eile) amach anseo nó a d’fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm dá gcuirfí tús an athuair leis an Chlár Nuatheangacha Bunscoile. Déantar tagairt don eolas i bpáipéar a rinneadh i mí na Samhna, 2011 faoin siollabas gaeloideachais agus acmhainní don earnáil sin a choigeartú faoi choinne mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna Béarla.¹ Féachtar ar na príomhthorthaí in athbhreithniú a rinne Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis ar nuatheangacha i mbunscoileanna ó thuaidh. Tá moltaí ann ag an deireadh maidir le dóigheanna le teagasc agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla a fheabhsú.

Curaclam Thuaisceart Éireann

Caitheann daltaí sa tuaisceart 12 bhliain ag dul faoi oideachas reachtúil agus iad idir 4 bliana agus 16 bliana d’aois. Tig le páistí 3-4 bliana d’aois bliain réamhscolaíochta a chur isteach, ach níl aon iachall orthu déanamh amhlaidh. Tá cúig eochairchéim éigeantacha ann:

Céim	Aois	Rang
An Bhonnchéim	4 bliana – 6 bliana	Rang 1 agus 2
Eochairchéim 1	6 bliana – 8 mbliana	Rang 3 agus 4
Eochairchéim 2	8 mbliana – 11 bhliain	Rang 5, 6 agus 7
Eochairchéim 3	11 bhliain – 14 bliana	Bliain 8, 9 agus 10
Eochairchéim 4	14 bliana – 16 bliana	Bliain 11 agus 12

Tugadh Curaclam reatha Thuaisceart Éireann isteach sa bhliain 2007 agus clúdaíonn sé 12 bhliain an oideachais reachtúil. San am a chuaigh thart, bhíodh liosta ábhar éigeantach sa churaclam. Tá réimsí foghlama sa churaclam atá i bhfeidhm anois agus ábhair áirithe grúpáilte le chéile dá réir, ach tá cead a gcinn ag scoileanna agus ag múinteoirí maidir leis na topaicí a bhíonn idir lámha acu agus na cuir chuige mhúinteoireachta a bhíonn i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na réimsí foghlama:

- Teanga agus Litearthacht

¹ Páipéar faoi shiollabas agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt faoi choinne mhúineadh na Gaeilge mar ábhar breise i bunscoileanna agus in iarbunscoileanna. Samhain 2011. Ní fios cé go díreach a scríobh an páipéar seo mar níl údar luaite leis. Rinneadh fiosruithe i measc na n-eagras éagsúil a bhíonn ag plé leis an ghaeloideachas agus cé gur aithin siad an t-ábhar, ní raibh siad in ann ainm a chur leis. Is dócha gur Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste a chuir an páipéar le chéile.

- An Mhatamaitic agus Uimhearthacht
- Na hEalaíona
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuisicint
- An Domhan Thart Orainn
- Forbairt Fhisiciúil agus Gluaiseacht
- Oideachas Reiligiúnach

I mbunscoileanna Béarla, níl sé riachtanach staidéar a dhéanamh ar nuatheanga ar bith eile seachas an Béarla. Mar sin féin, roghnaíonn scoileanna áirithe teangacha eile a theagasc do na daltaí, an Ghaeilge ina measc.

Tá treoir ag CCEA maidir le Nuatheangacha ag Eochairchéim 3 agus deirtear ann go bhfuil an curaclam bunscolaíochta struchtúrtha ar dhóigh a éascaíonn an fhoghlaim chomhtháite, chomhcheangailte. Moltar sa treoir sin foghlaim teangacha a neadú sna sé réimse foghlama, seachas iad a bheith mar ábhar breise a dhéantar amach ón chuid eile:

The Primary Curriculum for Northern Ireland is deliberately structured to facilitate integrated and connected learning. It is set out under six Areas of Learning, some of which group together particular subjects. It is hoped that Primary Schools will be able to embed language learning within these six areas.²

Fágann sé sin gur féidir na nuatheangacha a fhí isteach le réimse ar bith foghlama: mar shampla, amhráin Ghaeilge a fhoghlaim sna hEalaíona; scileanna éisteachta agus labhartha a fhorbairt faoi Theanga agus Litearthacht; eolas a fháil ar na gnéithe cultúrtha de shaol na ndaoine a labhraíonn teangacha eile in An Domhan Thart Orainn, srl.

Chomh maith le hábhair agus réimsí foghlama, tá scileanna agus cumais ar leith fite fuaite sa churaclam, scileanna a bheidh ag páistí agus iad ag éirí aníos ina ndaoine fásta agus ag cur leis an tsochaí. Ba chóir go mbeadh deiseanna ag daltaí iad a fhoghlaim, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach réimse foghlama. Is iad Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid Teicneolaíocht Cumarsáide agus Faisnéise na scileanna traschuraclaim a bhíonn le forbairt ag daltaí in Eochairchéimeanna 1 go 3. Tá Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta, a chuidíonn le páistí smaoineamh ar dhóigh chriticiúil, chruthaitheach agus a bheith cásmhar le daoine eile, mar dhlúthchuid den Churaclam ón Bhonnchéim an bealach ar fad ar aghaidh go hEochairchéim 4.

An Clár Nuatheangacha Bunscoile

Sa bhliain 2007, bhunaigh an tAire Oideachais ag an am, Caitriona Ruane, CTR, an Clár Nuatheangacha Bunscoile (“an Clár”) le deis a thabhairt do dhaltai Bonnchéime agus Eochairchéim 1 i scoileanna Béarla teangacha eile seachas an Béarla a fhoghlaim. Tháinig deireadh leis an Chlár ar 31ú Márta, 2015 mar

² Páipéar faoi shiollabas agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt faoi choinne mhúineadh na Gaeilge mar ábhar breise i bunscoileanna agus in iarbhunscoileanna. Samhain 2011. Ní fios cé a scríobh é, ach is dócha gurbh é Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste a bhí ann.

gheall ar chiorruithe ar bhuiséad na Roinne Oideachais. Ag an am sin, bhí 413 bunscoil páirteach ann agus an Ghaeilge, an Spáinnis agus an Pholainnis á múineadh. Foilsíodh torthaí taighde a rinne CCEA in 2012 a thugann léargas ar na gnéithe den Chlár a raibh lucht na scoileanna sásta leo agus ar ghnéithe eile a bhí le feabhsú.³ Cé nach ann don Chlár a thuilleadh, thiocfadh torthaí an taighde a bheith tugtha san áireamh in aon phleananna a dhéanfaí amach anseo maidir le múineadh agus foghlaim nuatheangacha i mbunscoileanna.

Tugtar le fios i dtuarascáil taighde CCEA gur fhógair an tAire Oideachais i mí na Bealtaine 2007 go raibh sé de rún aici clár a bhunú le múineadh na nuatheangacha a chur chun cinn sna bunscoileanna i gceantair na gcúig Bhord Oideachais agus Leabharlann. Ní raibh sé i gceist go mbeadh an clár úr sin ag teacht isteach in ionad mhúineadh na dteangacha a bhí ag dul ar aghaidh cheana féin sna scoileanna, ach ba é an chéad tionscnamh réigiúnach é le teangacha a chur chun cinn i ngach earnáil oideachais ar bhonn comhleanúnach.⁴

Nuair a tugadh an Clár isteach ar dtús, dhírigh sé ar mhúineadh na Gaeilge agus na Spáinnise do dhaltaí Bonnchéime agus Eochairchéim 1. Bunaíodh líonra teagascóirí cuartaíochta agus bhí acmhainní agus oiliúint á gcur ar fáil ag Foras na Gaeilge agus ag Ambasáid na Spáinne dóibh.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) measúnú ar an Chlár i mí Lúnasa 2009. Ag an am sin, bhí breis agus an cheathrú chuid de na bunscoileanna uile sa tuaisceart ag glacadh páirte ann: bhí 231 scoil ag dul don Spáinnis agus 58 scoil ag cur ceachtanna Gaeilge ar fáil dá gcuid daltaí. Bhí líon na scoileanna a bhí ag iarraidh teagascóirí Gaeilge méadaithe go 85 faoin scoilbhliain 2011/12.

De réir na mBord Oideachais agus Leabharlann, faoi mhí na Samhna 2011 bhí cuid mhór scoileanna ag leanúint le múineadh na Gaeilge in Eochairchéim 2, cé nach raibh sé sin mar chuid den chlár a bhunaigh an tAire Oideachais. Chlúdaigh siad féin costais na dteagascóirí ó bhuiséad na scoile.⁵ Léiríú is ea é seo ar a rathúla a bhí an Clár agus ar an fhiúntas a mhothaigh príomhoidí, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí a bheith le foghlaim na Gaeilge.

Chuir na Boird Oideachais agus Leabharlann oiliúint ar fáil do mhúinteoirí ranga, le maoiniú ó Chomhairle na Breataine ar feadh seala. Tháinig laghdú ar na seirbhísí a bhí na Boird ag cur ar fáil, áfach, mar gheall ar chiorruithe foirne, agus ar deireadh is ag ceangal scoileanna le scoileanna eile ina raibh an dea-chleachtas i bhfeidhm a bhí siad.

Áiseanna Múinteoireachta agus Foghlama

Níl mórán áiseanna ná tacaíocht ann ar chor ar bith faoi choinne mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla ó thuaidh.⁶ Maidir leo siúd atá ar fáil, níl siad lánfhóirsteanach mar tá siad dírithe

³ Staidéar féidearthachta de chuid Aonad Taighde agus Staitisticí CCEA maidir le tacaíocht bhreise faoi choinne teangacha, Nollaig 2012

⁴ Staidéar féidearthachta de chuid Aonad Taighde agus Staitisticí CCEA maidir le tacaíocht bhreise faoi choinne teangacha, Nollaig 2012

⁵ Páipéar faoi shiollabas agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt faoi choinne mhúineadh na Gaeilge mar ábhar breise i bunscoileanna agus in iarbunscoileanna. Samhain 2011. Ní fios cé a scríobh é, ach is dócha gurbh é Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste a bhí ann.

⁶ Páipéar faoi shiollabas agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt faoi choinne mhúineadh na Gaeilge mar ábhar breise i bunscoileanna agus in iarbunscoileanna. Samhain 2011. Ní fios cé a scríobh é, ach is dócha gurbh é Bord Oideachais agus Leabharlann Bhéal Feirste a bhí ann.

ar an earnáil ghaelscolaíochta nó ar an churaclam bunscoile ó dheas, áit a bhfuil i bhfad níos mó béime ar an teanga ná mar atá ó thuaidh. Níor cuireadh áiseanna saindeartha ar bith ar fáil don Chlár Nuatheangacha Bunscoile, mar sin ní raibh leanúnachas ar bith ann ó thaobh mhúineadh na Gaeilge de. Níl ábhar sainiúil múinteoireachta ná foghlama ar bith ann faoi choinne Eochairchéim 1 ná 2. Chuir na Boird Oideachais agus Leabharlann trí lámhleabhar ar fáil do theagascóirí ar an Chlár, ach ní do na daltaí na lámhleabhair sin. Cuireadh na háiseanna seo a leanas ar fáil ar bhonn iasachta: puipéid, málaí daite pónairí, ceithre dhlúthdhiosca *Mo Cheol Thú*, leabhair scéalaíochta le scéalta a d'aithneodh na páistí amhail *Niamh Cinn Óir* agus *Na Trí Mhuicíní*. Tá áiseanna Gaeilge ar www.seomraranga.com (iad i nGaeilge amháin don Ghaeilge mar ábhar) agus ar www.sparklebox.co.uk/gaeilge. Tá ábhar foghlama ar shuíomh gréasáin TG4 agus maidir le cláir teilifíse de, tá *Na Dódaí*, *Déan Damhsa Liom* agus *Bia Linn* ar na cinn oideachasúla a rinneadh le 10 mbliana anuas le freastal ar pháistí óga. Bíonn an tsraith de leabhair Bran in úsáid ag múinteoirí áirithe agus tá áiseanna curtha ar fáil ag an Áisaonad agus ag Glór na nGael; baineann siad seo leis an earnáil ghaelscolaíochta den chuid is mó, áfach. Ar na háiseanna eile atá ann tá *Everyday Words in Irish* agus *Dréimire*, a rinne CCEA do ghaelscoileanna. Moltar áiseanna múinteoireachta agus foghlama saincheaptha do dhaltaí i mbunscoileanna Béarla a chur ar fáil.

Taighde CCEA

In ainneoin deireadh a bheith tagtha leis an Chlár, is fiú go mór amharc ar thaighde a rinne CCEA⁷ a fhad agus a bhí an Clár go fóill i bhfeidhm mar gheall ar an léargas a thugann sé ar dhearcadh na bpríomhoidí a ghlac páirt sa taighde agus ar na moltaí a bhí acu. Chuir taighdeoirí CCEA ceistneoir chuig príomhoidí bunscoileanna faoin Chlár Nuatheangacha Bunscoile agus fuarthas 127 freagra ar ais as 854. Is ráta freagartha íseal é (14.9%), mar sin seans nach bhfuil léargas cruinn le fáil ar an scéal ina iomláine ó thorthaí an taighde seo.

As an 127 príomhoide a chuir freagraí ar ais, dúirt dhá thrían acu nár shuim leo an Ghaeilge a bheith á múineadh ina gcuid scoileanna. Cuireadh in iúl gur mhothaigh siad nár bhain an Ghaeilge lena gcuid daltaí, nach raibh sí fóirsteanach dóibh agus gur bheart conspóideach a bheadh ann í a mhúineadh ina scoileanna féin mar ní bheadh tuismitheoirí ná daoine eile sa phobal áitiúil sásta lena leithéid. Bhí cuid acu den tuairim gur rud ‘polaitiúil’ í an Ghaeilge.⁸ Dúirt siad gur aithin siad na buntáistí a bhaineann le teangacha breise a fhoghlaim agus gur mhaith leo leanúint ar aghaidh le cláir nuatheangacha. Bhí siad ann arbh fhéarr leo teanga eile seachas an Ghaeilge a thabhairt isteach ina gcuid scoileanna (m.sh. Spáinnis nó Fraincis), agus chreid cuid de na príomhoidí nach raibh an Ghaeilge ábharthach i sochaí an lae inniu. Thug líon an-bheag príomhoidí le fios go mbeadh an Ghaeilge níos tarraingtí ach athrú theacht ar mheon an phobail mhóir i leith na teanga agus an fócas a bheith ar an chultúr Ghaelach seachas ar an teanga féin.

Bhí trian de na príomhoidí a ghlac páirt sa taighde i bhfách leis an Ghaeilge a bheith á cur chun cinn ina gcuid scoileanna. Fiafraíodh díobh seo cad iad na hacmhainní a bheadh de dhíth orthu le clár Gaeilge a chur i bhfeidhm. Seo a leanas na freagraí a thug siad:

- Teagascóir.

⁷ Tuarascáil Taighde, ‘Staidéar Féidearthachta: Tacaíocht Bhreise faoi choinne Teangacha’, Aonad Taighde agus Staitisticí CCEA, Nollaig 2012, lch 10

⁸ Tuarascáil Taighde, ‘Staidéar Féidearthachta: Tacaíocht Bhreise faoi choinne Teangacha’, Aonad Taighde agus Staitisticí CCEA, Nollaig 2012, lch 10

- Maoiniú agus am le múinteoirí a bhfuil Gaeilge acu cheana féin a scaoileadh saor óna ndualgais eile leis an teanga a mhúineadh do ranganna eile, chomh maith lena ranganna féin.
- Leabhair.
- DLúthdhioscaí agus DVDanna.
- Póstaeir.
- Acmhainní idirghníomhaíochta don chlár bhán.
- Puipéid.

Cuireadh ceist ar an sciar sin de na príomhoidí ar shuim leo clár Gaeilge a chur i bhfeidhm ina gcuid scoileanna cad é mar a dhéanfaidís amhlaidh. Luaigh siad an méid seo a leanas:

- Teagascóir teanga nó cúnamh eile seachtrach a thabhairt isteach.
- Am ar leith a chur ar fáil gach seachtain do theagasc na teanga nó an teanga a fhí isteach sna scileanna traschuraclaim.
- Comhrá.
- Amhránaíocht agus damhsa.
- Na daltaí a spreagadh leis an Ghaeilge a labhairt sa chlós súgartha.

Thug freagróir amháin le fios nach raibh siad cinnte cad é mar a thabharfaidís faoi agus go mbeadh cúnamh de dhíth. Bhí príomhoidí áirithe buartha faoi na hiarmhairtí a bhainfeadh le múinteoirí lánaimseartha sa scoil a scaoileadh saor óna gcuid dualgas eile ar mhaithe leis an Chlár a chur i bhfeidhm.

Athbhreithniú ar Nuatheangacha i Láthair na hUaire sa Bhunscolaíocht i dTuaisceart Éireann, Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis

Choimisiúnaigh Comhairle Thuaisceart Éireann um Theangacha athbhreithniú ó Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis mar chuid de na hiarrachtaí na spriocanna in ‘Teangacha don Todhchaí: Straitéis Thuaisceart Éireann um Theangacha’ (2012) a fhíorú. Foilsíodh an t-athbhreithniú i mí Mhárta 2017. Is í an Roinn Oideachais a mhaoiníonn an Chomhairle Teangacha, a chuireann úsáid teangacha chun cinn san oideachas, i gcúrsaí gnó agus sa tsochaí. Is iad seo a leanas cuspóirí an athbhreithnithe a rinne lucht an choláiste: eolas a bhailiú faoin Chlár Nuatheangacha Bunscoile; measúnú a dhéanamh ar fheabhsúcháin a d’fhéadfaí a dhéanamh air; mapáil a dhéanamh ar sholáthar nuatheangacha i mbunscoileanna taobh amuigh den Chlár, agus moltaí a dhéanamh maidir le forbairtí san am atá le teacht.

De réir an taighde idirnáisiúnta atá luaite in athbhreithniú fhoireann an tSrutháin Mhilis, is cosúil gurb í foghlaim teangacha le linn na hóige an dóigh is éifeachtúla le teangacha a fhoghlaim. Is léir gur gné shuntasach d’inchinn páistí bunscoile an phlaisteacht, rud a fhágann go bhfuil “solúbthacht chognaíoch agus fearas fiseolaíoch iontu a ligeann dóibh fás ina n-úsáideoirí cumasacha, cruthaitheacha teangacha”.⁹ Tá fianaise ann go n-ullmhaíonn an oilteacht agus an fheasacht teanga a fhaigheann páistí trí theanga bhreise a fhoghlaim iad le haghaidh foghlaim teangacha agus iad níos sine. Cuireann

⁹ Jones agus Coffey, luaite ar Ich 12 de ‘Athbhreithniú ar Nuatheangacha i Láthair na hUaire sa Bhunscolaíocht i dTuaisceart Éireann’, Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Márta 2017

foghlaim teanga bhreise le féinmhuinín páistí, rud atá aitheanta ag scoláirí agus ag na múinteoirí a ghlac páirtí sa taighde a rinne Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis. Bíonn dea-thionchar ag foghlaim teanga ar scileanna liteartha na bpáistí ina gcéad teanga agus cuidíonn sé leo dul i ngleic leis an fhóineolaíocht.

Is iad seo a leanas cuid de phríomhthorthaí an athbhreithnithe:

- Bhí móramh na bpríomhoidí agus na múinteoirí a ghlac páirt sa staidéar den tuairim gur rud tábhachtach, luachmhar, sultmhar ag daltaí é teanga bhreise a fhoghlaim.
- Bhí móramh na bpríomhoidí agus na múinteoirí a ghlac páirt sa staidéar den tuairim gur chóir go mbeadh foghlaim teanga bhreise mar ghné reachtúil den churaclam bunscoile.
- Chreid príomhoidí agus múinteoirí gur chuir soláthar teanga nó teangacha breise le próifíl na scoile i measc an phobail.
- Bhí ráta íseal freagartha ar an suirbhé seo, rud a léiríonn, b'fhéidir, go bhfuil príomhoidí agus múinteoirí ann nach bhfuil foghlaim teanga bhreise mar thosaíocht acu ar na fháthanna seo a leanas: ní gné éigeantach den churaclam í; tá béim mhór ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht, agus cuireadh deireadh leis an Chlár Nuatheangacha Bunscoile. Mar gheall air sin, is cosúil nach bhfuil comhdheiseanna ar fáil do dhaltaí bunscoile uile an tuaiscirt ó thaobh foghlaim teangacha de.
- Ní raibh cáilíocht mhúinteoireachta ag bunús na dteagascóirí ar an Chlár Nuatheangacha Bunscoile.
- Ní raibh leanúnachas ann ó thaobh na n-eochairchéimeanna ina mbíonn foghlaim teanga bhreise ar fáil: bhí an Clár dírithe ar ranganna Bonnchéime agus Eochairchéim 1, ach is in Eochairchéim 2 a bhí formhór mhúineadh na dteangacha á dhéanamh.
- Is beag scoil a rinne measúnú ar foghlaim na ndaltaí ó thaobh na teanga breise de; má bhí measúnú ann, bhí sé difriúil ó thaobh cineáil agus minicíochta de i ngach aon scoil.
- Ní raibh comhleanúnachas ar bith ann sna scoileanna maidir leis an mhéid ama a bhí á chaitheamh ar theangacha breise.

Dhírigh údair an athbhreithnithe aird ar fhorbairtí a bheidh de dhíth amach anseo agus ar na buntáistí a bhaineann le foghlaim teanga bhreise. Luaigh siad pointe tábhachtach: gur chóir foghlaim teangacha breise a bheith mar ghné éigeantach den churaclam chun tosaíocht a dhéanamh díobh i scoileanna. Tá gá le meicníochtaí le cur le cumas agus le saineolas múinteoirí ranga ó thaobh oideolaíochta agus teangeolaíochta de. Ba mhaith le príomhoidí agus le múinteoirí go mbeadh leanúnachas agus bealach soiléir chun cinn ann agus daltaí ag dul ar aghaidh sna hEochairchéimeanna. Moladh fosta soláthar ar leith a chur ar fáil mar chuid de bhunoiliúint agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí ó thaobh múineadh teangacha de.

Thug na daltaí a ghlac páirt sa staidéar le fios gur bhain siad sult agus tairbhe as a bheith ag foghlaim teanga bhreise. Dúirt formhór acu gur chóir go mbeadh an deis ag gach páiste bunscoile teangacha breise a fhoghlaim agus gur mhaith leo tuilleadh a fhoghlaim sa todhchaí. Mhothaigh a gcuid múinteoirí gur chothaigh foghlaim teangacha breise féinmheas, féinmhuinín agus cruthaitheacht sna páistí.

Luaigh príomhoidí agus múinteoirí a bhí rannpháirteach i staidéar fhoireann an choláiste míbhuntáistí a bhain leis an Chlár Nuatheangacha Bunscoile. Rinne cuid de na múinteoirí an pointe gur fearr múinteoirí ranga a chur i mbun múineadh teangacha breise seachas teagascóirí cuartaíochta mar tá níos mó solúbthachta leis mar shocrú. Is dóchúla fosta gur mó eolas atá ag an mhúinteoir ranga ar mhodheolaíochtaí atá fóirsteanach ó thaobh forbartha de agus gur fearr a thuigeann siad difreálú, cuimsiú daltaí agus pleanáil ceachtanna. Ba dhoiligh i gcásanna áirithe caidreamh fiúntach a bhunú idir

an múinteoir ranga agus an teagascóir cuartaíochta agus ní dhearnadh dul chun cinn foghlama i gcónaí. Ní raibh leanúnachas le fáil sna cuir chuige oideolaíochta. Mothaíodh nár leor ceachtanna gairide seachtainiúla agus gurbh fhearr múineadh a chur ar fáil níos rialta. Chreid múinteoirí áirithe go raibh barraíocht béime ag an Roinn Oideachais agus ag an ETI (Cigireacht Roinn an Oideachais i dTuaisceart Éireann) ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht agus gnóthachtáil páistí á tomhas. Luaíodh easpa sainoiliúna sna nuatheangacha do mhúinteoirí. Tuairim eile a nochtadh go raibh cuid mhór sa churaclam cheana féin agus nach raibh slí ann le tabhairt faoi na nuatheangacha mar ba cheart.

Nóta ar an Ghaeilge sa tsochaí

Níl soláthar ar bith ann d'fhoghlaim na Gaeilge i bhformhór na mbunscoileanna ó thuaidh faoi láthair. Tá fáthanna polaitíochta agus staire leis sin i mórán cásanna. Mar gheall ar pholasaithe an stáit ó thuaidh i leith na Gaeilge ó bunaíodh é, níor tugadh deis do sciar mór den phobal an teanga a fhoghlaim ná an stair agus an cultúr a bhaineann léi a iniúchadh. Is tromchúiseach an scéal é go bhfuil an deis le bheith ag foghlaim teanga dhúchasach na háite seo séanta ar bhunús pháistí bunscoile an tuaiscirt. Tá mórán daoine fásta sa phobal a bhfuil dearcadh diúltach acu i leith na teanga agus tá sé sin ina bhac ar chur chun cinn na teanga i mbunscoileanna áirithe. Tá polaiteoirí aontachtacha ag cur go láidir i gcoinne acht Gaeilge, cé gur aontaíodh ceann a thabhairt isteach i gComhaontaíodh Chill Rímhinn in 2006. Tá obair dhian le déanamh sa phobal le dul i ngleic leis na tuairimí diúltacha atá caltha in aigne daoine áirithe.

MOLTAÍ

Sa chuid seo, cuirtear i láthair moltaí atá déanta ag Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis agus ag na príomhoidí agus múinteoirí a ghlac páirt sa taighde a rinne eagrais oideachais eile. Tá moltaí ann chomh maith le Gael Linn bunaithe ar an ábhar atá curtha i láthair thuas.

Moltaí Choláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis

Cé nár díriodh ar mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge go sonrath i dtuairisc thaighdeoirí an tSrutháin Mhilis, seo a leanas moltaí ginearálta a rinne siad maidir le ceisteanna a bhfuil práinn leo agus a bhaineann leis an Ghaeilge chomh maith le teangacha eile.

- Gné reachtúil de Churaclam Thuaisceart Éireann a dhéanamh d'fhoghlaim teangacha breise sa dóigh go mbeidh comhdheiseanna foghlama ar fáil do gach dalta.
- Línte forbartha agus treoir churaclaim (siollabas) a chur ar fáil do mhúinteoirí.
- Áiseanna, ríomháiseanna san áireamh, a fhorbairt atá deartha go sainiúil bunaithe ar aois na bpáistí.
- Saincháilíocht bhunoideachais a fhorbairt d'ábhair oidí mar ghné dá mbunoiliúint, agus maoiniú a bheith curtha ar fáil di.
- Sainoiliúint mhúinteoireachta a chur ar fáil do theagascóirí cuartaíochta ar a leithéid de chlár agus an Clár Nuatheangacha Bunscoile.
- Saintacaíocht a chur ar fáil mar ghné d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i gcomhar le solátharóirí bunoiliúint múinteoirí, leis an Údarás Oideachais agus le NICILT, agus í sin a bheith maoinithe.
- Tuilleadh taighde a dhéanamh agus a mhaoiniú ar chuir chuige sholúbtha traschuraclaim, amhail CLIL agus STEM-L, le dul i ngleic leis an easpa spáis a mhothaítear a bheith sa churaclam faoi choinne nuatheangacha.

- Tuilleadh taighde a dhéanamh agus a mhaoiniú ar shamhlacha comhoibrithe idir bunscoileanna agus iarbhuscoileanna lena chinntiú go mbíonn línte forbartha ann agus go mbíonn aistriú réidh, ó thaobh foghlaim teangacha de, idir Eochairchéim 2 agus Eochairchéim 3.
- Pleanáil cheantair níos éifeachtaí a bheith ann lena chinntiú go mbíonn naisc níos fearr ó thaobh na dteangacha a mhúintear i mbunscoileanna agus in iarbhuscoileanna.

Moltaí ón pháipéar faoi shiollabas agus acmhainní Gaeilge a fhorbairt faoi choinne mhúineadh na Gaeilge mar ábhar breise i bunscoileanna agus in iarbhuscoileanna a foilsíodh i mí na Samhna, 2011

De réir an pháipéir seo, tá daoine le saineolas agus taithí ag obair cheana féin in CCEA a dtiocfadh leo siollabas agus áiseanna faoi choinne mhúineadh na Gaeilge a fhorbairt: tá foireann Nuatheangacha agus foireann Ghaeloideachais ann. Moltar sa pháipéar dualgas a chur ar CCEA grúpa oibre a chur le chéile comhdhéanta de mhúinteoirí i mbunscoileanna Béarla a bhfuil taithí acu ar an Ghaeilge a theagasc, teagascóir nuatheangacha bunscoile, comhairleoirí ó fhoireann Nuatheangacha CCEA agus ionadaí ón ETI. Nuair a bheadh siollabas ceaptha, b'fhéidir go dtiocfadh leis an fhoireann a dhéanann áiseanna do ghaelscoileanna áiseanna do scoileanna Béarla a sholáthar, go háirithe ar líne. Moltar sa pháipéar na háiseanna nua a bhunú ar *Séideán Sí* agus *Bua na Cainte* atá ann cheana féin. Dar le húdair an pháipéir, d'fhéadfaí tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí an siollabas a mhúineadh tríd na struchtúir atá i bhfeidhm cheana féin, is é sin an tÚdarás Oideachais (mar atá ann sa lá atá inniu ann; na Boird Oideachais agus Leabharlann a bhíodh ann tráth), Coláiste Ollscoile Naomh Muire agus CCEA. Mhol scríbhneoirí an pháipéir go ndéanfadh Foras na Gaeilge clár ardú feasachta le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna a chur chun cinn agus eolas múinteoirí ar na háiseanna atá ar fáil a fheabhsú.

Moltaí Ghael Linn

- Foghlaim nuatheangacha a bheith mar ghné reachtúil den churaclam bunscoile le comhionannas deiseanna foghlama a chinntiú agus le scileanna foghlaim teangacha na ndaltaí ar feadh a saoil a fheabhsú.
- An Roinn Oideachais clár úr a bhunú leis an Ghaeilge a chur chun cinn i mbunscoileanna Béarla nó an Clár Nuatheangacha Bunscoile a athbhunú, ach é leasaithe agus feabhsaithe de réir thuairimí na bpríomhoidí a ghlac páirt i dtaighde CCEA.
- Clár múineadh nuatheangacha i mbunscoileanna a cheapadh (nó a leathnú) le hEochairchéim 2 a chuimsiú, chomh maith leis an Bhonnchéim agus Eochairchéim 1, agus siollabas agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil.
- An Roinn Oideachais go leor acmhainní a chur ar fáil le cibé clár a bhunódh an Roinn Oideachais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maoiniú le teagascóirí cuartaíochta a fhostú nó le foireann a chur in áit múinteoirí lánaimseartha a bhfuil Gaeilge acu le gur féidir leo dul thart ar na ranganna éagsúla sa scoil agus an teanga a theagasc.
- Áiseanna saincheaptha múinteoireachta agus foghlama a chur ar fáil do lucht na mbunscoileanna Béarla a riarann ar a riachtanais shainiúla féin.
- Oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile a bhfuil Gaeilge acu cheana féin le go mbeidh siad muiníneach go leor lena múineadh agus lena fí isteach i réimsí foghlama Churaclam Thuaisceart Éireann.

- Siollabas a dhearadh do mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla agus acmhainní teagaisc agus foghlama a chur ar fáil dá réir, mar shampla leabhair, póstaeir, dlúthdhioscaí, DVDanna, ábhar ar líne agus acmhainní idirghníomhaíochta don chlár bhán.
- Acmhainní a fhorbairt atá ceaptha go sainiúil do dhaltaí i mbunscoileanna Béarla ó thuaidh, seachas a bheith ag úsáid acmhainní atá deartha d'earnáil an ghaeloideachais nó don churaclam ó dheas.
- Moltar tionscnaimh fhiúntacha, fhadtéarmacha trasphobail a bhunú leis an Ghaeilge a chur i láthair ar dhóigh dhearfach, neamhbhagarthach, cosúil leo siúd atá ar bun cheana féin ag leithéidí Gael Linn, Iontaobhas Ultach agus Turas. D'fhéadfaí cláir a dhíríonn ar an chultúr Ghaelach a chur i bhfeidhm mar thúsphointe sna scoileanna sin nár mhaith leo an teanga féin a mhúineadh ach a bhfuil spéis acu san oidhreacht Ghaelach atá i gcoitinne ag gach duine de phobal an tuaiscirt.

Bheadh buntáistí éagsúla ann do dhaltaí ach na moltaí thuasluaite a chur i bhfeidhm:

- Bheadh múinteoirí ranga in ann an obair an dhéanfadh na teagascóirí a dhaingniú agus cur leis.
- Bheadh múinteoirí in ann an Ghaeilge a theagasc do dhaltaí de gach aoisghrúpa.
- Bheadh treoir agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí le cuidiú leo a scileanna múinteoireachta Gaeilge a fheabhsú.
- Bheadh scileanna foghlama teanga níos fearr ag daltaí, rud a d'fhágfadh go mbeadh torthaí níos fearr ar a gcuid foghlaim agus iad san iarbhunscoil.
- Bheadh deis ag i bhfad níos mó daltaí an Ghaeilge a fhoghlaim ar an bhunscoil.
- Bheadh an Ghaeilge in úsáid sa seomra ranga agus ar fud na scoile, seachas sna ceachtanna leis an teagascóir cuartaíochta amháin.
- Is cosúil go mbeadh níos mó daltaí ag dul don Ghaeilge san iarbhunscoil dá mbeadh freastal níos fearr á dhéanamh orthu ó thaobh foghlaim na teanga de agus iad ar an bhunscoil.
- Bheadh Gaeilge i bhfad níos fearr ag daltaí.

Sa chuid seo, pléadh múineadh agus foghlaim na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla. Cuireadh síos ar nuatheangacha sa churaclam bunscoile agus tugadh léargas ar an Chlár Nuatheangacha Bunscoile a bunaíodh in 2007 agus ar tháinig deireadh leis in 2015. Cuireadh i láthair torthaí taighde a rinne CCEA (2012) agus na príomhphointí maidir leis an Ghaeilge in athbhreithniú le Coláiste Ollscoile an tSruháin Mhilis ar nuatheangacha sa bhunscoil (2017). Liostálaíodh moltaí bunaithe ar an taighde agus ar an athbhreithniú úd agus míníodh na buntáistí a bheadh ann do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon dá gcuirfí i bhfeidhm iad. Pléadh taighde agus moltaí a rinne eagrais oideachais eile. Sa chéad chuid eile, pléifear cás na Gaeilge in iarbhunscoileanna Béarla.

An Ghaeilge in Iarbhunscoileanna Béarla

Tá caint ann i measc lucht an oideachais ar ghéarchéim a bheith ann mar gheall ar laghdú a bheith tagtha le deich mbliana anuas ar líon na ndaltaí a roghnaíonn ‘Irish’ mar ábhar GCSE, is é sin an Ghaeilge trí mheán an Bhéarla. Táthar buartha go ndéanfaidh sé seo dochar d’fhorbairt na teanga, ní hamháin i dtaca le líon na gcainteoirí ach maidir le cruinneas labhartha agus scríofa na teanga fosta. Mura mbeidh daltaí ag dul do ‘Irish’ ag leibhéal GCSE, ní bheidh siad ag dul dó don Ardleibhéal ná ag an tríú leibhéal.

Sa chuid seo, pléifear múineadh agus foghlaim na Gaeilge in iarbhunscoileanna Béarla. Amharcfar ar líon na ndaltaí atá ag dul do ‘Irish’ mar ábhar GCSE, AS agus A2 le deich mbliana anuas. Déanfar iniúchadh ar na fáthanna atá leis an laghdú mór atá tagtha ar an líon acu atá ag dul dó ag leibhéal GCSE agus molfar bearta le dul i ngleic leis an titim agus le tuilleadh daltaí a mhealladh le tabhairt faoin ábhar. Déanfar iniúchadh ar thaighde atá déanta ag CCEA faoi mhúineadh na Gaeilge i scoileanna Béarla dara leibhéal. Cíorfear eolas atá faighte ag Gael Linn ó mhúinteoirí faoi na dúshláin is mó atá rompu ina gcuid oibre agus cuirfear i láthair na moltaí atá acu féin leis an scéal a fheabhsú.

An tábhacht mhór atá le múinteoirí Gaeilge

Dhírigh Walsh, O’Rourke agus Rowland (2015) aird ina gcuid taighde ar an ról ríthábhachtach atá ag múinteoirí in iarbhunscoileanna Béarla maidir le forbairt nuachainteoirí Gaeilge.¹⁰ Is é is ‘nuachainteoirí’ ann daoine a bhaineann úsáid as an teanga go rialta ach nach cainteoirí dúchais traidisiúnta iad; de ghnáth, is ar scoil nó tríd an tumoideachas a shealbhaíonn siad an sprioctheanga. Thug na húdair le fios gur thagair cuid mhór nuachainteoirí do na múinteoirí inspioráideacha a bhí acu ar scoil a mhúscail a spéis sa Ghaeilge. Chothaigh na múinteoirí an spéis sin tríd na daltaí a spreagadh leis an teanga a labhairt i suíomhanna sóisialta taobh amuigh den scoil agus d’fhás na daltaí ina nuachainteoirí.

Is léir mar sin go bhfuil olltábhacht le múinteoirí Gaeilge in iarbhunscoileanna ó thaobh cur chun cinn na teanga sa tsochaí. Ní mór tacú leo tríd na háiseanna agus an oiliúint chuí a chur ar fáil dóibh. Mar a fheicfear thíos, is tearc na háiseanna múinteoireachta agus foghlama atá ar fáil faoi choinne Eochairchéim 3 agus 4 agus Leibhéal AS agus A2; bíonn ar mhúinteoirí am a chaitheamh ag déanamh a gcuid áiseanna féin agus as siocair nach ann do Chomhar na Múinteoirí Gaeilge níos mó (a mhair ó 1964 go 2015), tá sé níos deacra acu leas a bhaint as saineolas a chéile agus a dtuairimí a chur in iúl dá chéile, don Roinn Oideachais, do CCEA agus d’eagrais eile san earnáil oideachais. Moltar Comhar na Múinteoirí Gaeilge a athbhunú, nó eagrais cosúil leis a bhunú as an nua. Dúirt múinteoirí ar labhairt Gael Linn leo go mbeadh sé an-áisiúil líonra nó fóram a bheith acu ar an idirlíon le malartú áiseanna agus cur chun cinn an dea-chleachtais a éascú. B’fhiú do mhúinteoirí teacht le chéile sa seomra céanna fosta faoi choinne laethanta oiliúna agus tacaíochta.

‘Irish’ mar ábhar GCSE, AS agus A2

Tá imní mhór ar phobal na Gaeilge faoin dhroch-chaoi ina bhfuil an teanga in iarbhunscoileanna Béarla ó thaobh an líon daltaí atá ag dul dó. Bíonn friotal láidir in úsáid ag múinteoirí agus an scéal á phlé acu: “beidh an Ghaeilge marbh sa chóras roimh i bhfad” agus “tá an teanga ar leaba a bháis i scoileanna ina mbíodh sí á múineadh”. Tá laghdú 26% tagtha ar líon na n-iarrthóirí atá ag dul do GCSE Irish le deich mbliana anuas. Tá fáthanna éagsúla leis sin a chíorfear thíos.

¹⁰ Walsh, O’Rourke, Rowland, ‘Research Report on New Irish Speakers’, 2015

Beart a d'imir tionchar mór ar an chás ná deireadh a bheith curtha in 2008 leis an cheangal reachtúil a bhí ar dhaltaí nuatheanga a dhéanamh ag leibhéal GCSE. Rud eile atá ag cur leisce ar dhaltaí 'Irish' a roghnú ná é a bheith "deacair" mar ábhar GCSE, dar leo féin.

Bíonn ar dhaltaí staidéar a dhéanamh ar nuatheanga in Eochairchéim 3, ach mura bhfuil ceangal orthu leanúint ar aghaidh le teangacha breise ag leibhéal GCSE, tá an baol ann nach léireoidh siad féin, a dtuismitheoirí ná údaráis na scoileanna, fiú, spéis sna teangacha ach oiread. Is baolach fosta nach ndéanfar iarracht nuatheangacha a chur chun cinn ag céim níos luaithe in oideachas na ndaltaí, Eochairchéim 2, mar shampla, mura bhfuil conair shoiléir chun cinn ann. Bíonn cuid mhór ag brath ar dhearcadh an phríomhoide i ngach scoil ar leith maidir le béim a bheith curtha nó gan a bheith curtha ar fhoghlaim teangacha.

Tá cur síos ag Collen, McKendry agus Henderson (2016) ar na riachtanais maidir le teanga bhreise a fhoghlaim san iarbhunscoil.¹¹ Cé gur gné reachtúil den churaclam iarbhunscoile é teanga bhreise a fhoghlaim in Eochairchéim 3, bíonn an soláthar difriúil i ngach aon scoil. Cé go bhfuil páistí i dteideal teanga a fhoghlaim ar feadh trí bliana in Eochairchéim 3, níl aon treoir tugtha maidir leis an íosmhéid ama ba chóir a chaitheamh i mbun múineadh teangacha agus níl aon mholadh déanta ag an Roinn Oideachais ach oiread i dtaca le líon na dteangacha ba chóir a thairiscint do dhaltaí.

Is beag líon na n-iarrthóirí a chuireann isteach ar na scrúduithe 'Irish' ag leibhéal AS agus A2. 396 an líon meánach ag leibhéal AS idir 2007 agus 2016 agus 312 an figiúr comhfhreagrach maidir le leibhéal A2. Ábhar buartha é gur thug scoileanna áirithe a bhíodh ag cur cúrsaí Ardleibhéil 'Irish' ar fáil cúl don ábhar sa scoilbhliain 2015-16. Níl an cúrsa ar fáil in aon cheann de na ceithre scoil i mbaile mór amháin sa tuaisceart inar ghnách leis an Ghaeilge a bheith á múineadh do lucht na séú agus na seachtú bliana. Chuaigh daltaí sa cheantar i dteagmháil le Conradh na Gaeilge agus tá an cúrsa á chur ar fáil anois ag an chraobh áitiúil. An baol atá ann go mbeidh leisc ar dhaltaí GCSE 'Irish' a roghnú má shíleann siad nach mbeidh cúrsa Ardleibhéil ar fáil dóibh i scoil ar bith ina gceantar foghlama. Tá ceist ann fosta faoina gceart ar an Chreat Teidlíochta a bheith á shéanadh. Caithfear bearta a chur i bhfeidhm le tuilleadh daltaí a mhealladh i dtreo na Gaeilge agus ní mór na deiseanna maithe fostaíochta atá ann do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu a chur ar a súile do phríomhoidí sa dóigh go gcinnteoidh siad go gcuirtear na cúrsaí cuí ar fáil ina scoileanna féin.

GCSE

Le deich mbliana anuas tá laghdú suntasach tagtha ar líon na ndaltaí a bhíonn ag dul do 'Irish' mar ábhar GCSE. Cuirtear i láthair in Tábla 2.1 líon na ndaltaí a roghnaigh 'Irish' mar ábhar GCSE idir 2007 agus 2016. In 2007, roghnaigh 2,710 dalta é ach bhí laghdú 26% ann faoi 2016 (1,737 dalta). Cé go ndeachaigh na figiúirí in airde in 2013, is i laghad a chuaigh siad go foriomlán thar na blianta.

Tábla 2.1 – Líon na ndaltaí a roghnaigh an Ghaeilge mar ábhar GCSE, 2007-2016

Bliain	Líon daltaí
2007	2710

¹¹ Collen, McKendry, Henderson, "The Transition from Primary Languages Programmes to Post-Primary Language Provision", Aibreán 2016. Staidéar arna mhaoiniú ag Comhairle Thuaisceart Éireann um Theangacha.

2008	2335
2009	2084
2010	2078
2011	1854
2012	1737
2013	1937
2014	1888
2015	1830
2016	1737

Dealraíonn sé go bhfuil cúiseanna éagsúla leis an laghdú seo: tá an tuairim áirithe seo bunaithe ar chomhráite le múinteoirí agus le daoine eile a bhíonn ag plé le múineadh agus le measúnú na Gaeilge, seachas ar thaighde a rinneadh de réir gnáthaimh dhochta. Measaimid gur tuairimí iontaofa iad mar gheall ar an taithí atá ag na múinteoirí agus oifigigh oideachais a ndeachthas i gcomhairle leo maidir leis na cúrsaí seo.

Níl ceangal reachtúil, ó bhí 2008 ann, ar dhaltai i dtuaisceart na hÉireann staidéar a dhéanamh ar nuatheanga ar bith eile seachas an Béarla ag leibhéal GCSE. Tá scoileanna áirithe ann, áfach, a chuireann iachall ar a gcuid daltaí nuatheanga amháin ar a laghad a roghnú ag Eochairchéim 4, ach is fúthu féin an cinneadh sin. Tá sé curtha in iúl ag múinteoirí éagsúla go measann cuid mhaith daltaí go bhfuil nuatheangacha deacair, an Ghaeilge san áireamh, agus go gcreideann siad gur lú an seans, i gcomparáid le hábhair eile, go mbainfidh siad grád ard amach sna scrúduithe GCSE. Ar ndóigh, is maith le daltaí marcanna arda GCSE a fháil ar chúiseanna éagsúla: lena bhféinmhuinín a neartú, le háit a bhaint amach ar chúrsaí AS agus A2, le dul ar aghaidh go dtí an t-ardoideachas agus le fostaíocht a fháil. Is maith le scoileanna áit ard a bhaint amach ar tháblaí sraithe ina gcuirtear in ord iad de réir na dtorthaí a fhaigheann a gcuid daltaí i scrúduithe GCSE agus Ardleibhéil. Cúis imní é an tionchar a bhíonn ag na táblaí seo ar an scéal mar seans go bhfuil drogall ar scoileanna daltaí a chur i dtreo na nuatheangacha agus na Gaeilge má mheastar iad a bheith ar na hábhair ina bhfuil sé deacair ardmharc a bhaint amach.

Tá sé tugtha le fios ag múinteoirí agus ag daoine eile a bhíonn ag plé le 'Irish' mar ábhar go bhfuil sé ag éirí níos deacra ar dhaltai Eochairchéim 4 in iarbhunscoileanna Béarla na gráid is airde a bhaint amach de thairbhe go bhfuil siad san iomaíocht sna scrúduithe GCSE le daltaí eile a bhfuil caighdeán Gaeilge i bhfad níos fearr acu de thairbhe gur fhreastail siad ar bhunscoil lán-Ghaeilge nó as siocair go bhfuil siad ag freastal ar iarbhunscoil lán-Ghaeilge. Ní bhronntar A* agus A ach ar chéatadán áirithe daltaí sna scrúduithe GCSE, rud a fhágann gur ar na daltaí is líofa agus is oilte a bhronntar na gráid is airde. Feictear do na múinteoirí ar labhair muid leo go bhfuil an leibhéal deacrachta in GSCE Irish i bhfad níos airde ná mar a bhíodh 10 mbliana nó 15 bliana ó shin, go háirithe san Éisteacht agus sa Léamh. Deir siad nach bhfuil aon rogha eile ann seachas CCEA mar bhord scrúdúcháin don Ghaeilge. Tugann siad le fios go bhfuil daltaí ag roghnú ábhar ina bhfuil sé níos fusa, dar leo, ardmharc a ghnóthú (TFC agus Foghlaim don Saol agus don Obair, mar shampla). Measann múinteoirí áirithe nach bhfuil sé cothrom go mbíonn iardháltaí agus daltaí reatha an Ghaeloideachais mar iarrthóirí sna scrúduithe céanna GCSE Irish le daltaí nár thosaigh ag foghlaim na teanga go dtí go raibh siad i mBliain 8. Tá siad imníoch chomh maith go

mbeidh bac ar fhorbairt na teanga féin mar gheall air seo agus níos lú daltaí ag roghnú 'Irish' mar ábhar de réir mar a théann na blianta thart. Aithnítear gur gá teacht ar réiteach ar an scéal gan a thuilleadh moille.

Tá réitigh éagsúla ann, ach tá mionphlé le déanamh ag lucht na hearnála le teacht ar an cheann is fóirsteanáí. Táthar ann a mholann gur chóir gan cead a thabhairt do dhaltáí a fuair a mbunoideachas trí Ghaeilge agus/nó atá ag fáil a gcuid oideachas dara leibhéal trí mheán na Gaeilge cur isteach ar GCSE Irish, agus go mbeadh orthu GCSE Gaeilge amháin a dhéanamh. B'fhéidir go bhfágfadh a leithéid de bheart go mbeadh caighdeán na Gaeilge a bheadh de dhíth leis na gráid is airde a bhaint amach ag GCSE níos ísle, agus de réir a chéile go n-éireodh na scrúduithe níos fusa agus, mar sin, níos tarraingtí do thuilleadh daltaí. Seans nach mbeadh drogall níos mó ar dhaltáí 'Irish' a roghnú do GCSE mar bheadh seans níos fearr acu A* nó A a bhaint amach sa scrúdú. B'fhéidir go mbeadh príomhoidí agus tuismitheoirí ag tacú níos mó leis an Ghaeilge. Ceann de na hiarmhairtí a bheadh ann ansin, go teoiriciúil, ná go mbeadh níos mó iarrthóirí ag dul don teanga don Ardleibhéal agus b'fhéidir san ollscoil fosta.

Sula gcuirfí a leithéid de riail i bhfeidhm, áfach, chaithfí an cheist a chur an mbeadh an buntáiste atá ag daltaí dátheangacha a labhraíonn Gaeilge agus Béarla á mhaolú, agus aitheantas as a scileanna breise á séanadh orthu, agus deiseanna á gceilt orthu cáilíochtaí sa bhreis a bhaint amach a rachadh chun sochair dóibh sa saol. Beidh gá le dianmhachnamh ar an cheist seo sula ndéanfar cinneadh faoi, ach is cinnte go bhfuil múinteoirí den tuairim nach mór beart fiúntach éigin a chur i gcrích le tarraingteacht na Gaeilge in iarbhunscoileanna Béarla, go háirithe ag leibhéal GCSE, a fheabhsú.

Moladh eile a luaigh múinteoir amháin ar labhair muid léi is ea cúrsa sa Gaeilge Fheidhmeach a bhunú a bheadh ag teacht níos mó le cumas daltaí áirithe nach bhfuil lé acu leis an acadúlacht. Lena leithéid de chúrsa, bheadh deis ag daltaí a shíleann an Ghaeilge a bheith deacair mar ábhar GCSE an teanga a fhoghlaim. "Dá mbeadh cúrsa ann do scoláirí atá ag iarraidh obair a fháil i naíscoileanna nó i gcúram leanaí trí mheán na Gaeilge," arsa an múinteoir, "bheadh daltaí ábalta an Ghaeilge a dhéanamh ar leibhéal a fhreastalaíonn ar a gcuid ábaltachtaí."

Chuir Jones et al. (2017), taighdeoirí i gColáiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, ceistneoir chuig príomhoidí agus múinteoirí bunscoile faoi nuatheangacha sa bhunscoil. Bhí an ráta freagartha íseal (11.88%) agus measann na taighdeoirí go léiríonn sé sin nach tosaíocht é foghlaim teangacha breise ag go leor príomhoidí agus múinteoirí. Luann siad fosta an bhéim a chuireann cigirí na Roinne Oideachais ar an litearthacht agus ar an mhatamaitic, rud a fhágann nuatheangacha ar an imeall. Tá fianaise starógach ann go bhfuil a leithéid de dhearcadh le fáil in iarbhunscoileanna áirithe fosta, áit a spreagtar daltaí le díriú ar ábhair STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic). Cé go bhfuil rialacha dá gcuid féin ag gach scoil agus go bhfuil sé éigeantach ag daltaí áirithe nuatheanga a roghnú ag leibhéal GCSE, níl a leithéid de cheangal i bhfeidhm i ngach scoil agus ní riachtanas reachtúil é.

Maidir leis an Ghaeilge, is iomaí scoil nach múintear an Ghaeilge ar chor ar bith inti. Cé nach bhfuil eolas beacht ar fáil a bhaineann le hiarbhunscoileanna go sonrach, is dóchúla ná a mhalairt go bhfuil cosúlachtaí ann idir torthaí an athbhreithnithe a rinne Jones et al. (2017) ar nuatheangacha i mbunscoileanna agus an cás in iarbhunscoileanna. Mar shampla, gach seans go bhfuil príomhoidí agus múinteoirí ann, mar atá sna bunscoileanna, a chreideann nach bhfuil an Ghaeilge ábhartha dá ndaltaí, gurbh fhiúntaí dóibh teangacha eile amhail Fraincis agus Spáinnis a fhoghlaim óir bheadh sé róchospóideach an Ghaeilge a mhúineadh ina scoileanna mar gheall ar an dearcadh polaitíochta atá ag daoine i bpobal níos leithne na scoile. Mar gheall ar an chóras a bheith mar atá, agus é fágtha faoi

scoileanna a socruithe féin a dhéanamh maidir le múineadh nuatheangacha agus na Gaeilge, níl comhionannas deiseanna ann do gach dalta in iarbhunscoileanna an tuaiscirt ó thaobh foghlaim teangacha breise de. Is míbhuntáiste mór é sin ag mórán páistí a rachaidh trína gcuid scolaíochta ar fad gan an deis a bheith tugtha dóibh riamh an Ghaeilge a fhoghlaim. Tá gné thábhachtach dá n-oidhreacht agus do chultúr na háite ina maireann siad á séanadh orthu agus ba chóir cláir a chur i bhfeidhm, nó iad siúd atá ann cheana féin a leathnú, le go mbeidh an Ghaeilge á múineadh, fiú ag leibhéal an-bhunúsach, ar dhóigh thuisceanach ina nglactar san áireamh cúinsí sóisialta agus polaitíochta phobal na scoile sna scoileanna sin nach raibh soláthar iontu i leith na teanga go dtí seo.

Sa chuid thuas, tá an laghdú atá tagtha ar líon na ndaltaí atá ag dul do GCSE Irish le deich mbliana anuas cíortha. Tá scoileanna áirithe ann, áfach, ina bhfuil ardú ag teacht ar líon na ndaltaí atá ag roghnú na teanga mar ábhar. Nuair a cuireadh ceist ar mhúinteoir ar leith cad chuige a raibh ardú ina scoil siúd, dúirt sé gur bhain sé leis an chur chuige i leith mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge, mar atá teagasc ar ardchaighdeán, na páistí a bheith ag baint sult as agus iad a bheith á moladh agus á spreagadh ag na múinteoirí. Mol an óige agus tiocfaidh sí – comhairle shiosmaideach i gcónaí í i dtaca le cúrsaí oideachais de.

Leibhéal AS agus A2

Léirítear in Tábla 2.2 thíos líon na n-iarrthóirí a roghnaigh ‘Irish’ mar ábhar AS agus A2 sa tréimhse deich mbliana 2007 go 2016. Níl aon phatrún soiléir le sonrú sa dá chás, ach amháin go bhfuil méadú foriomlán tagtha ar an líon atá ag dul don dá chúrsa thar na blianta, más beag féin é mar mhéadú. Roghnaigh 315 iarrthóir ‘Irish’ ag leibhéal AS in 2007 agus 437 a chuaigh leis in 2016. Bhí laghdú mór 66 ann idir 2008 (383) agus 2009 (317) ach an bhliain dar gcionn tháinig méadú mór 89 ar líon na n-iarrthóirí (406). Is in 2014 a bhí an líon is mó iarrthóirí AS (462) le deich mbliana anuas. Roghnaigh 437 iarrthóir ‘Irish’ mar ábhar AS in 2016.

Maidir le leibhéal A2, mhéadaigh líon na n-iarrthóirí ó 281 in 2007 go 332 in 2016. Cé go raibh laghdú 32 iarrthóir ann idir 2007 (281) agus 2008 (249), bhí méadú suntasach 90 iarrthóir ann in 2009 (339). Diomaite de laghdú idir 2012 agus 2014, nuair ba 309 líon meánach na n-iarrthóirí, tá na figiúirí thart ar 333 ó bhí 2009 ann. (Is é 333 líon meánach na n-iarrthóirí in 2009, 2010, 2011, 2015 agus 2016).

In ainneoin méadú a bheith tagtha ar líon na ndaltaí atá ag dul do ‘Irish’ ag leibhéal AS agus A2, tá na figiúirí go fóill íseal go leor. Caithfear níos mó daltaí a mhealladh le GCSE Irish a dhéanamh má táthar le cur leis an líon acu a roghnaíonn é don Ardleibhéal. Tá an cheist sin cíortha thuas sa chuid díreach roimhe seo faoi GCSE.

Tábla 2.2 – Líon na ndaltaí a roghnaigh an Ghaeilge mar ábhar AS agus A2, 2007-2016

Bliain	AS	A2
2007	315	281
2008	383	249
2009	317	339
2010	406	335

2011	385	329
2012	431	304
2013	374	311
2014	462	313
2015	454	330
2016	437	332

Áiseanna múinteoireachta agus foghlama

Eochairchéim 3

Labhair Gael Linn le roinnt múinteoirí in iarbhunscoileanna Béarla le tuiscint níos fearr a fháil ar chás na Gaeilge mar ábhar ina gcuid scoileanna. Tá daltaí Eochairchéim 3 i dteideal trí bliana a chaitheamh i mbun teanga bhreise a fhoghlaim agus is faoin scoil féin atá a shocrú cad é/iad an teanga/na teangacha a ndéanfaidh siad staidéar orthu. Tá an Ghaeilge riachtanach do gach dalta Eochairchéim 3 i gcuid de na scoileanna, ach ní í ngach scoil. I scoileanna áirithe, roghnaíonn na daltaí cé acu teanga nó teangacha breise a ndéanfaidh siad staidéar orthu sula dtéann siad isteach i mBliain 8. I scoil amháin, mar shampla, roghnaíonn siad dhá theanga as an Ghaeilge, an Fhraincis agus an Spáinnis. Cuireann Roinn na Gaeilge sa scoil sin bileog eolais chuig tuismitheoirí sula dtosaíonn an scoilbhliain.

Maidir le háiseanna múinteoireachta agus foghlama, úsáideann múinteoirí meascán acu. Dúirt múinteoir amháin gur “múinteoir éifeachtach spreagúil an áis is fearr i gcónaí agus an cur chuige ceart sa teagasc, mar atá moladh agus sult”. I mBliain 8, cuirtear béim mhór ar labhairt na Gaeilge agus is beag úsáide a bhaintear as téacsleabhar. Dúirt múinteoirí amháin nach mbíonn téacsleabhar ag daltaí Bhliain 8 ina scoil siúd “ar chor ar bith roimh mhí Feabhra”. Deir sé go bhfoghlaimíonn daltaí ag an aois sin go maith trí ghníomhaíochtaí mar chluichí a imirt, rannta a aithris agus amhráin a rá.

Baineann múinteoirí úsáid as leabhráin a scríobhann siad féin i gcomhar le baill eile na roinne Gaeilge ina gcuid scoileanna le freastal ar na daltaí in Eochairchéim 3. Bíonn an téacsleabhar agus an dlúthdhiosca ‘Fios’ in úsáid acu chomh maith. Ó thaobh ríomháiseanna de, bíonn Quizlet, Duolingo, Kahoot agus Google Classroom in úsáid ag múinteoirí agus daltaí Eochairchéim 3. Is maith leis na daltaí an aip Kahoot go mór agus bíonn sé éifeachtach, dar le múinteoir amháin, mar ghníomhaíocht iomlánach ag deireadh an ranga. Luaigh múinteoir áirithe go bhfuil TFC á cur chun cinn go láidir ina scoil siúd agus bhfuil na daltaí “breá sásta agus ábalta acmhainní TFC a úsáid”. Tá múinteoirí eile ag teacht leis sin. Dúirt duine eile acu go mbíonn “mionchlár bán an dalta sa seomra iontach iontach tairbheach agus taitneamhach acu”.

An t-easnamh is mó a luann múinteoirí ná nach bhfuil téacsleabhar ná ríomhchlár ann, cosúil le Metro Electro atá ag lucht na Fraincise, atá dírithe go sainiúil ar ‘Irish’ ag Eochairchéim 3. Fágann an easpa seo go mbíonn ar mhúinteoirí a n-áiseanna féin a dhéanamh. Dúirt múinteoir amháin, “Dá mbeadh rud mar sin ann, chomh maith le leabhrán daltaí, ní bheadh múinteoirí ag caitheamh an mhéid chéanna ama ag ullmhú áiseanna agus ag déanamh iarrachta iad a uasdátú go mion minic.” Ba mhaith le múinteoirí “níos mó cluichí a bheith ar fáil don aoisghrúpaí seo ar líne, cluichí atá ag teacht leis an aois agus leis an leibhéal teanga chomh maith”. Thug siad ardmholadh do BBC Gaeilge ar a mbíodh a leithéid de chluichí

agus molann siad a leithéid de chluichí a dhéanfaí amach anseo a bheith bunaithe ar thopaicí Eochairchéim 3. Ba mhaith leo líonra do mhúinteoirí Gaeilge a bhunú ar líne sa dóigh go dtig leo áiseanna agus saineolas a chur ar fáil dá chéile.

Déanann múinteoirí obair mhór le deiseanna a thabhairt dá ndaltaí an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den seomra ranga, rud atá le moladh go hard mar léiríonn sé do na daltaí gur teanga bheo í a bhfuil feidhm léi sa tsochaí. Seo tuairisc ó mhúinteoir i meánscoil i mBéal Feirste:

“Téann na cailíní go dtí na coláistí Gaeltachta gach samhradh. Freastalaíonn siad ar chomórtais Ghael Linn a reáchtáiltear le linn na bliana: Tráth na gCeist Sóisear agus Sinsear. Glacaimid páirt gach bliain i bhFeis Bhéal Feirste agus is annamh a fhilléann na cailíní abhaile gan bonn a bhaint. Bíonn cumann gaelach againn sa dara téarma agus bíonn aifreann Gaeilge againn le Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh.”

Agus seo an méid a dhéantar i scoil ar leith i nDoire:

“Déanaimid cuid mhór. Glacaimid páirt i gcomórtais drámaíochta, filíochta agus comhrá i bhFeis Dhoire Cholmcille ina dtig spáránacht Ghaeltachta a bhaint. Tá nasc againn leis an togra Léargas agus téann na daltaí ar chúrsa Gaeltachta i Rann na Feirste. Déanann siad Scrúdú an Fháinne Airgid, ar scrúdú seachtrach é, agus bímid gníomhach Seachtain na Gaeilge ar scoil. Bíonn Céilí Mór againn ag a mbronntar na fáinní. Bímid páirteach i dTráth na gCeist Ghael Linn. Bíonn sé seo uilig mar spreagadh le dearcadh deimhneach a chothú ar an teanga, ach fosta le comhtheacs na teanga mar theanga bheo, fheidhmiúil i suíomh réadúil agus/nó dúchasach a dhaingniú.”

Eochairchéim 4

Dúirt na múinteoirí go mbíonn meascán áiseanna in úsáid acu ag Eochairchéim 4: iad siúd atá déanta acu féin, an téacsleabhar ‘Irish for CCEA GCSE’ agus ríomháiseanna amhail Quizlet, Duolingo, Kahoot agus Google Classroom. Is maith leis na daltaí úsáid a bhaint as Google Classroom go mór mhór agus dúirt na múinteoirí go bhfuil sé furasta a láimhseáil agus físeáin agus naisc a chur ar fáil do na daltaí go réidh, gasta. Baineann daltaí taitneamh agus tairbhe as a bheith ag obair ar mhionchláir bhána. Thug múinteoir amháin le fios gur éifeachtaí ná aon rud eile na háiseanna atá lámhdhéanta ag na múinteoirí i Roinn na Gaeilge ina scoil féin. Cé go mbíonn an téacsleabhar ‘Irish for CCEA GCSE’ in úsáid, tá sé as dáta faoin am seo mar tá sonraíocht nua faoi choinne GCSE Irish tugtha isteach ag CCEA ó céadfhoilsíodh é in 2011. Ba mhaith leis na múinteoirí téacsleabhar nuashonraithe mar ábhar práinne. Molann siad fosta tuilleadh cluichí bunaithe ar thopaicí Eochairchéim 4 agus ar aois agus ar leibhéal teanga na ndaltaí a bheith curtha ar fáil. Luaíodh Bitesize an BBC mar áis úsáideach ach é a bheith as dáta anois mar gheall ar an tsonraíocht úr ag CCEA.

Mar is amhlaidh i gcás Eochairchéim 3, bíonn múinteoirí ar a seacht ndícheall ag iarraidh deiseanna seach-churaclaim a sholáthar do dhaltaí Eochairchéim 4 le go dtig leo an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh den seomra ranga. Glacann daltaí páirt i bhfeiseanna agus comórtais filíochta, drámaíochta agus amhránaíochta. Cuireann siad isteach ar Thráth na gCeist Ghael Linn agus bíonn imeachtaí ar leith acu Seachtain na Gaeilge. Caitheann cuid acu seal ar chúrsaí sa Ghaeltacht sa tsamhradh agus um Cháisc.

Leibhéal AS agus A2

Tá frustrachas ar mhúinteoirí as an easpa mhór áiseanna múinteoireachta agus foghlama atá ann don chúrsa AS agus A2 sa Ghaeilge atá ag CCEA. Tá áiseanna curtha ar fáil ag CCEA, ach den chuid is mó bíonn múinteoirí ag brath ar na háiseanna atá déanta acu féin agus ag a gcomhghleacaithe. Léiríonn siad cruthaitheacht sa dóigh a gcuireann siad deiseanna ar fáil dá ndaltaí a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a dhaingniú. Dúirt múinteoir amháin linn go bhfuil nasc déanta ag a scoil féin le gaelscoileanna agus go bhfuil cineál de ‘charas Críost Gaeilge’ ag na daltaí a gcaitheann siad uair i gcloig sa tseachtain i gcomhlúadar leo. Tá cúntóirí teanga ar fáil ag scoileanna éagsúla, ach ní gach ceann. Moltar cúntóir Gaeilge a chur ar fáil do gach scoil ina bhfuil an Ghaeilge á múineadh mar ábhar Ardleibhéil.

Caitheann cuid mhór daltaí Ardleibhéil seal sa Ghaeltacht ar chúrsaí samhraidh agus Cásca agus eagraíonn scoileanna imeachtaí faoi choinne Sheachtain na Gaeilge. Thug múinteoir amháin le fios go mbíonn ról ag daltaí AS in eagrú an Chéilí Mhóir ina scoil féin i mí an Mhárta.

Tátail

In éagmais taighde údarásach ar an cheist, ní féidir a rá go cinnte cad chuige nach bhfuil mórán daltaí ag roghnú ‘Irish’ ag leibhéal AS agus A2. Mar sin féin, tá tátail le baint as comhráite a bhí againn le múinteoirí Gaeilge. Meastar gurb iad seo a leanas na fáthanna atá leis na figiúirí ísle:

- Ní gné riachtanach den churaclam é staidéar a dhéanamh ar nuatheanga bhreise ag Eochairchéim 4.
- Cuireann an ETI agus an Roinn Oideachais béim mhór ar an Litearthacht agus ar an Mhatamaitic agus b’fhéidir gurb é sin an fáth nach bhfuil foghlaim teangacha breise mar thosaíocht ag príomhoidí áirithe.
- Seans maith nach dtuigeann príomhoidí agus lucht ardbhainistíochta i scoileanna a oiread deiseanna ar fhostaíocht mhaith atá ann do dhaoine a bhfuil Gaeilge mhaith acu in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh (múinteoireacht, cúrsaí dlí, aistriúchán, na meáin chumarsáide, obair óige, fiontraíocht, ríomhchlárú, an earnáil seirbhísí, na tionscail chruthaitheacha, an státseirbhís srl.).
- Measann daltaí go bhfuil sé deacair teanga eile a fhoghlaim agus b’fhearr leo cloí le hábhair atá níos fusa acu.
- Mar gheall ar an bhrú atá ar scoileanna áit ard sna táblaí sraithe a bhaint amach, seans go bhfuil cuid acu ag cur daltaí i dtreo ábhair eile seachas teangacha sa dóigh go mbainfidh siad torthaí níos fearr amach sna scrúduithe GCSE agus Ardleibhéil.
- Seans go gcreideann daltaí in iarbhunscoileanna Béarla go bhfuil sé níos deacra acu grád ard a bhaint amach in ‘Irish’ as siocair go bhfuil siad san iomaíocht le daltaí a bhfuil caighdeán i bhfad níos airde Gaeilge acu de thairbhe gur fhreastail siad ar bhunscoileanna Gaeilge nó go bhfuil siad ar iarbhunscoil Ghaeilge.
- Tá easpa mhór áiseanna múinteoireachta agus foghlama ar fáil, cinn dhigiteacha go háirithe, i gcomparáid le hábhair eile. Seans go gcruthaíonn sé sin drochíomhá in aigne na ndaltaí maidir le ‘Irish’ mar ábhar.

Moltaí

- Mar atá molta ag Collen et al. (2016), ba chóir gné riachtanach den curaclam a dhéanamh d’fhoghlaim teanga bhreise ag Eochairchéim 4. Chuirfeadh sé sin go mór leis an oideachas a fhaigheann daltaí, lena gcuid scileanna, lena dtuiscint ar an domhan thart orthu agus lena ndeiseanna fostaíochta.

- Ní mór a chur ina luí ar phríomhoidí, ar bhainisteoirí eile scoile agus ar ghobharnóirí go háirithe cé chomh tábhachtach atá foghlaim teangacha breise le hoideachas iomlánaíoch a chur ar fáil dá gcuid daltaí.
- Ní mór príomhoidí, bainisteoirí eile scoile, gobharnóirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí a chur ar an eolas faoin iliomad deiseanna fostaíochta atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil Gaeilge mhaith acu. B'fhiú clár speisialta a bhunú le heolas a scaipeadh faoi na gairmeacha agus deiseanna éagsúla fostaíochta agus fiontraíochta atá ann. D'fhéadfaí é a dhéanamh trí fhíseáin a scaipfí ar na meáin shóisialta (cosúil le 'Do Ghairm le Gaeilge' a sheol Foras na Gaeilge agus Grad Ireland i mí Feabhra 2017 agus trí imeachtaí ar leith i scoileanna agus in ionaid eile ar fud an tuaiscirt).
- B'fhiú deiseanna a sholáthar do dhaltaí a gcuid Gaeilge a chleachtadh taobh amuigh den scoil agus iad in Eochairchéim 3 sa dóigh go mbeidh an teanga níos fusa mar ábhar acu faoin am a shroicheann siad Eochairchéim 4. Mar shampla, d'fhéadfaí iad a spreagadh le freastal ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht agus páirt a ghlacadh i gcumainn óige áitiúla Ghaeilge.
- B'fhiú an rud céanna a dhéanamh i dtaca le daltaí Eochairchéim 4: má tá an Ghaeilge in úsáid acu taobh amuigh den scoil, tuigfear dóibh go bhfuil feidhm phraiticiúil léi agus go bhfuil sí níos tarraingtí agus níos fusa, fiú, mar ábhar scrúdaithe.
- Ba chóir clár óige ar leith a bhunú sna cumainn óige áitiúla Ghaeilge do dhaltaí iarbhunscoile a bhfuil suim mhór sa Ghaeilge acu ach nach bhfuil ag freastal ar ghaelscoil. Bheadh na daltaí ag daingniú a gcuid eolais ar an teanga ar dhóigh spráíúil.
- Ba chóir áiseanna a chur ar fáil mar ábhar práinne do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge ag Eochairchéim 3 agus 4 agus don Ardleibhéal. Ba chóir téacsleabhar cuimsitheach GCSE bunaithe ar an tsonraíocht úr a thug CCEA isteach ar na mallaibh a sholáthar gan mhoill.
- Ba chóir sainábhar digiteach Eochairchéim 3 agus Eochairchéim 4 a dhearadh faoi choinne mhúineadh agus fhoghlaim na Gaeilge mar ábhar práinne.
- Ba chóir aon chluichí a dhéanfaidh eagrais mar an BBC amach anseo do Eochairchéim 3 a bheith bunaithe ar na topaicí atá sa siollabas.
- Ba chóir áiseanna múinteoireachta agus foghlama a chur ar fáil maidir le gach aonad sna cúrsaí leibhéal AS agus A2 mar ábhar práinne.
- Ba chóir go mbeadh cúntóir Gaeilge i ngach scoil ina bhfuil an Ghaeilge á mhúineadh mar ábhar Ardleibhéil.
- B'fhiú go mór Comhar na Múinteoirí Gaeilge nó eagrais cosúil leis a athbhunú sa dóigh go mbeadh sé níos fusa ag múinteoirí iarbhunscoile saineolas, tacaíocht agus áiseanna a chur ar fáil dá chéile.
- Tá deis ar leith ann anois an Ghaeilge a chur chun cinn as siocair go bhfuil an oiread sin plé á déanamh uirthi sa dioscúrsa polaitíochta. Tá sé tugtha le fios ag eagrais Ghaeilge ar fud an tuaiscirt a chuireann ranganna Gaeilge ar siúl don phobal go bhfuil ardú mór tagtha ar líon na ndaoine atá ag freastal ar a gcuid ranganna.
- B'fhiú taighde gairmiúil a dhéanamh ar na fáthanna nach bhfuil ach líon beag daltaí ag dul do 'Irish' mar ábhar GCSE, AS agus A2 agus na bearta cuí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an scéal agus tuilleadh daltaí a mhealladh i dtreo na teanga.
- Ba chóir, mar atá molta ag Collen et al. (2017), conair shoiléir ó thaobh foghlaim teangacha breise de a rianú feadh na scolaíochta ar fad, go háirithe ó Eochairchéim 2 ar aghaidh go Eochairchéim 3 agus 4. Bheadh an soláthar i gceantair foghlama seachas i scoileanna aonair san áireamh.

- Molann múinteoirí líonra a bhunú ar líne sa dóigh gur féidir leo áiseanna múinteoireachta agus foghlama a thabhairt dá chéile. Aithnítear Gael Linn mar an t-eagras is fearr leis sin a dhéanamh ó tharla é a bheith ar cheann de na sé eagras a fhaigheann croímhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge.
- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh lena fheiceáil ar chóir an Ghaeilge Fheidhmeach (nó Applied Irish) a bhunú mar ábhar iarbhunscolaíochta le freastal ar na daltaí sin nach bhfuil lé acu leis an acadúlacht.

Sa chuid seo, pléadh an ghéarchéim atá ann ó thaobh líon na ndaltaí atá ag dul do 'Irish' mar ábhar GCSE, AS agus A2 a bheith ag titim le deich mbliana anuas. Rinneadh iniúchadh ar na fáthanna atá leis an laghdú sin agus moladh bearta le dul i ngleic leis. Pléifear leis an chóras gaelscolaíochta sa chéad chuid eile.

An Córas Gaelscolaíochta

Sa chuid seo, léirítear an fás mór atá tagtha ar an chóras gaelscolaíochta, go háirithe le hocht mbliana anuas, agus an fás ionchais suas go dtí 2023. Pléifear na deacrachtaí atá le sárú san earnáil ó thaobh phleanáil cheantair agus an scéim cómhaoinithe de. Déanfar moltaí maidir le bearta leis an scéal a fheabhsú agus an earnáil a láidriú tuilleadh.

Bhunaigh grúpa teaghlach Scoil Ghaeilge Bhéal Feirste (Bunscoil Phobal Feirste sa lá atá inniu ann) i 1971 gan ach naonúr páistí ann. Oibríthe deonacha a choinnigh an scoil i mbun feidhme go dtí 1994, nuair a bhronn an stát stádas oifigiúil uirthi. Bunaíodh an chéad iarbhunscoil Ghaeilge sa tuaisceart, Coláiste Feirste, i 1991. Tá scoileanna ar fud na sé chontae anois ag cur oideachais ar fáil trí mheán na Gaeilge: breis agus dhá scór ag leibhéal na réamhscolaíochta, 35 ag leibhéal na bunscolaíochta, agus cúig scoil ina bhfuil iarbhunscolaíocht trí Ghaeilge ar fáil. De réir fhigiúirí a fuarthas ó Chomhairle na Gaelscolaíochta, 5,876 líon measta na ndaltaí a bheadh ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge sa scoilbhliain 2016-17 (909 sa naíscolaíocht, 3,905 sa bhunscolaíocht agus 1,062 san iarbhunscolaíocht). Tíocfaidh méadú mór ar an líon sin sna blianta atá amach romhainn. Measann an Chomhairle go mbeidh 7,220 ag fáil oideachais trí mheán na Gaeilge faoi 2021: méadú 97.2% é sin in imeacht 15 bliana (bhí 3,660 ann in 2006-07).

Bhí fás suntasach ar an earnáil le scór bliain anuas agus mhéadaigh an ráta fáis go mór sa tréimhse seacht mbliana idir 2009 agus 2016, mar atá léirithe in Tábla 1 thíos.¹² Ráta fáis tuairim is 45% a bhí ann sa bhunscolaíocht agus thart ar 80% san iarbhunscolaíocht.

Tábla 1: An fás ar líon na ndaltaí sa bhunscolaíocht agus san iarbhunscolaíocht idir 2009 agus 2016

	2009	2016 (figiúir réamh-mheasta)	Fás	Fás mar chéatadán
Bunscolaíocht	2,742	3,979	1,237	45.1%
Iarbhunscolaíocht	393	710	317	80.7%

Tá réamh-mheastachán déanta ag Comhairle na Gaelscolaíochta maidir leis an fhás a thíocfaidh ar an earnáil sna blianta suas go 2023.¹³ Tá trí chás curtha i láthair acu i dtaca leis an bhunscolaíocht agus leis an iarbhunscolaíocht araon: an cás éadóchasach, an cás réadúil agus an cás dóchasach. Léirítear na figiúirí chuí in Tábla 2 (bunscoileanna) agus in Tábla 3 (iarbhunscoileanna) thíos.

Tábla 2: An fás réamh-mheasta ar líon na ndaltaí bunscoile idir 2016 agus 2023 i gcás éadóchasach, réadúil agus dóchasach

	2016	2023	Fás	Fás mar
--	------	------	-----	---------

¹² Foilsíodh na figiúirí seo in 'Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS', Samhain 2016.

¹³ Comhairle na Gaelscolaíochta, 'Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS', Samhain 2016, lch 20

				chéatadán
An cás éadóchasach (fás 0% ar iontrálacha)	3,670	4,915	1,245	33.9%
An cás réadúil (fás 4.35% ar iontrálacha)	3,670	5,630	1,960	53.4%
An cás dóchasach (fás 8.7% ar iontrálacha)	3,670	6,468	2,798	76.2%

Tábla 3: An fás réamh-mheasta ar líon na ndaltaí iarbhunscoile idir 2015 agus 2023 i gcás éadóchasach, réadúil agus dóchasach

	2015	2023	Fás	Fás mar chéatadán
An cás éadóchasach (fás 0% ar iontrálacha)	949	1,259	310	32.7%
An cás réadúil (fás 8.8% ar iontrálacha)	949	1,718	769	81%
An cás dóchasach (fás 11.4% ar iontrálacha)	949	2,023	1,074	113.1%

Tá oideachas trí Ghaeilge ar fáil in 35 bunscoil sa tuaisceart. Is scoileanna iontu féin formhór mór acu, ach i gcásanna áirithe bíonn páistí á dteagasc in aonaid nó i sruthanna i mbunscoil Bhéarla. In aonad, is í an Ghaeilge an teanga múinteoireachta agus foghlama i gcaitheamh an lae; i sruth, meastar go labhraítear Gaeilge níos lú ná 50% den am.

Deir Comhairle na Gaelscolaíochta go bhfuil prótacal, nó conair, sainiúil de dhíth sa chás ina bhfásann aonad nó sruth gaeloideachais atá mar chuid de scoil Bhéarla mór go leor le bheith aitheanta go hoifigiúil mar scoil as féin. Tá aonaid ann a bhfuil an tairseach bainte amach acu, ach iad faoi stiúir bhord gobharnóirí nach é an gaeloideachas a phríomhchuspóir: go bunúsach, is scoileanna Béarla go fóill iad. Go hidéalach, bheadh an bord, an fhoireann, na tuismitheoirí agus na daltaí uile ag obair le chéile leis an fhís chéanna a bhaint amach agus b'fhéarr scoileanna neamhspleácha a dhéanamh as na haonaid seo. Ní mór straitéis a leagan amach leis an bhealach a éascú ag na haonaid seo i dtreo an neamhspleáchais, dar leis an Chomhairle. Is dócha go n-éireoidh sé seo ina cheist níos mó de réir mar a thuigfidh tuilleadh daoine na buntáistí móra a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an ghaeloideachas. Tá an treocht seo le sonrú i bPoblacht na hÉireann, áit a bhfuil an t-éileamh ar an ghaelscolaíocht ag fás.

Léiríonn na figiúir thuas gur earnáil i mbéal fáis í an ghaelscolaíocht. Deir Comhairle na Gaelscolaíochta gur gá don Roinn Oideachais agus don Údarás Oideachais agus do na páirtithe leasmhara eile “pleanáil i leith mhéadú suntasach na hearnála”.¹⁴ Liostaíonn siad na réimsí éagsúla nach mór aird a dhíriú orthu:

- oiliúint múinteoirí breise,
- soláthar seomraí ranga breise,
- oscailt scoileanna úra,
- soláthar acmhainní breise teagaisc,
- gnóthú seirbhísí breise tacaíocht oideachais agus seirbhísí breise óige trí mheán na Gaeilge.

Luann siad fosta:

- tacaíocht don réamhscolaíocht,
- poist bhreise bhainistíochta,
- acmhainní beise mar gheall ar scor baill reatha foirne, tinneas, saoire mháithreachais agus atharthachta agus clúdach ó ionadaithe d’fhorbairt leantach ghairmiúil múinteoirí,
- áiseanna nó spás breise le scoileanna úra a bhunú,
- seirbhísí tacaíochta breise oideachais, curaclaim agus sainriachtanais,
- seirbhísí breise óige,
- seirbhísí breise tacaíocht earnála (trí Chomhairle na Gaelscolaíochta, Altram, Iontaobhas na Gaelscolaíochta agus an tÚdarás Oideachais),
- agus acmhainní breise seomra ranga.

Deir an Chomhairle freisin go bhfuil prótacal, nó conair, sainiúil de dhíth sa chás ina bhfásann aonad nó sruth gaeloideachais atá mar chuid de scoil Bhéarla mór go leor le bheith aitheanta go hoifigiúil mar scoil as féin.

Tá dushláin le sárú i ngach earnáil oideachais, ach baineann castachtaí sa bhreis leis an ghaeloideachas i dtuaisceart na hÉireann ar chúiseanna éagsúla. An earnáil a bheith measartha óg agus easpa tola ag polaiteoirí áirithe an teanga a chur chun cinn dhá cheann de na cúiseanna sin. Cé go bhfuil cosaint ar leith ann i gComhaontú Aoine an Chéasta in uireasa reachtaíochta, nó acht Gaeilge, leis an teanga agus lucht a labhartha a chosaint, tá an earnáil ag brath ar pholaiteoirí faoi choinne tacaíochta, rud nach gcinntíonn aon chomhsheasmhacht.

Tá liosta ag Comhairle na Gaelscolaíochta de na dúshláin is mó atá le sárú ag lucht na gaelscolaíochta.¹⁵ Is iad:

- Fócas aonteangach an chóras oideachais
- Acmhainní
- Easpa eagrás foirmiúil tacaíochta do thuismitheoirí
- Easpa comhthéacs sóisialta don teanga
- Easpa eolais agus tuisceana ar an ghaelscolaíocht sa mhórphobal i gcoitianta.

Comhairle na Gaelscolaíochta

¹⁴ Comhairle na Gaelscolaíochta, ‘Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS’, Samhain 2016, Ich 35

¹⁵ ‘Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS’, Comhairle na Gaelscolaíochta, Samhain 2016, Ich 17

Is í Comhairle na Gaelscolaíochta (an Chomhairle) an foras atá ionadaíoch ar earnáil na gaelscolaíochta i dtuaisceart na hÉireann. Tá sé mar aidhm aici an ghaelscolaíocht a chur chun cinn ionas gur féidir cur le hathbheochan na Gaeilge tríd an ghaelscolaíocht, trí níos mó daltaí a chumasú le Gaeilge a shealbhú sa chóras oideachais.

Bhunaigh an Roinn Oideachais an t-eagras sa bhliain 2000 leis an ghaelscolaíocht a chur chun cinn agus a éascú, rud a leagadh mar dhualgas reachtúil ar an Roinn le Comhaontú Aoine an Chéasta i 1998. Ceann de na príomhchuspóirí atá ag an Chomhairle féachaint leis an teacht atá ar an ghaelscolaíocht a leathnú amach do thuismitheoirí ar mian leo í dá bpáistí.

Bíonn an t-eagras, ar foras poiblí neamhrannach é, ag cur comhairle ar an Roinn Oideachais faoi sholáthar agus forbairt na gaelscolaíochta. Cuidíonn sé le grúpaí atá ag iarraidh an ghaelscolaíocht a chur ar fáil dá bpobal féin trí chomhairle a chur orthu agus iad a threorú tríd an chóras lena spriocanna a bhaint amach. Tugann an Chomhairle tacaíocht do scoileanna ionas gur féidir leo cur lena n-éifeacht mar sholáthraithe oideachais. Ról eile atá ag an eagras comhnascadh agus comhoibriú le réimse mór páirtneírí leis an ghaelscolaíocht a leathnú amach.

Tá dáréag ball foirne san eagras: seisear oifigeach, beirt riarthóirí, príomhfheidhmeannach agus triúr oifigeach shinsearacha eile, a bhíonn ag plé leis an oideachas, le forbairt agus pleanáil cheantair, agus le hairgeadas, pearsanra agus riarachán. Tá 14 dhuine ar bhord na Comhairle. Is í an Roinn Oideachais a mhaoiníonn an t-eagras.

Féachann an Chomhairle le gréasán gaelscoileanna a fhorbairt atá inbhuanaithe, beoga, uileghabhálach agus a chuireann ar fáil oideachas den cháilíocht is airde. An mórchuspóir atá aici a chinntiú go bhfuil rogha ag páistí a saol a chaitheamh trí Ghaeilge trí dheis a thabhairt dóibh an teanga a shealbhú sa chóras oideachais.

Earnáil i mbéal fáis í an ghaelscolaíocht, mar atá léirithe sna táblaí thuas. Meastar gur 53.4% an méadú a thiofadh ar líon na bpáistí atá ag freastal ar bhunscoileanna Gaeilge idir 2016 agus 2023, agus gur 81% an méadú a bheidh i gceist sna hiarbhunscoileanna. Mar sin féin, dar le Príomhfheidhmeannach na Comhairle, Liam Ó Flannagáin, cé go bhfuil an ráta fáis go maith, thiofadh leis bheith níos fearr. In ainneoin an dualgais reachtúil atá ar an Roinn Oideachais an gaeloideachas a chur chun cinn agus a éascú, ní féidir a rá go bhfuil ceart iomlán ag páistí ar oideachas trí Ghaeilge: ceart é atá teoranta mar tá sé ag brath ar acmhainní agus airgead a bheith ar fáil ón Roinn Oideachais. As siocair go bhfuil an Roinn ag feidhmiú de réir threoir ó pholaiteoirí, ní féidir cinnte a dhéanamh de go mbeidh na polasaithe chun leasa na gaelscolaíochta, mar tá polaiteoirí ann nach bhfuil ar son cur chun cinn na Gaeilge. Mar shampla, labhair Iontaoabhas na Gaelscolaíochta linn faoin bhac a chuir an tAire Oideachais deireanach i bhFeidhmeannas Thuaisceart Éireann sular thit sé i mí Eanáir 2017 ar iarratais ag gaelscoileanna aistriú go cóiríocht níos fearr agus faoi tharraingt siar maoinithe faoi choinne dhá ghaelscoil a bhí le haonad cothaithe a bhunú le freastal ar na páistí is leochailí. (Fuarthas an maoiniú ar ais i ndiaidh agóidíochta ag na scoileanna.)

Tá cúpla cás cúirte glactha in aghaidh na Roinne Oideachais ag lucht an ghaeloideachais lena chinntiú go bhfíoraítear a gcearta. In 2011, bhí cás ann faoi chinneadh na Roinne gan modh taistil a chur ar fáil do scoláirí i gColáiste Feirste a bhí ina gcónaí taobh amuigh de Bhéal Feirste. I mí Dheireadh Fómhair 2017, cuireadh ar neamhní san Ardchúirt cinneadh an Aire Oideachais i mí Mheithimh 2017 gan cead a thabhairt do Ghaelscoil an Lonnáin aistriú amach as seanfhoirgneamh nach bhfuil fóirsteanach mar scoil go cóiríocht oiriúnach eile sa cheantar.

Easpa cóiríochta an bac is mó ar fhorbairt na hearnála, dar le Ó Flannagáin, agus tá gnéithe éagsúla leis an cheist seo. Cé go bhfuil foirgnimh bhreátha nuathógtha ag cuid de na scoileanna, tá scoileanna eile rómhór do na foirgnimh ina bhfuil siad lonnaithe faoi láthair. Tá cuma bhocht ar chuid acu agus níl spás ceart súgartha ar fáil do na páistí i gcuid eile. An imní atá ar Chomhairle na Gaelscolaíochta go gcruthaíonn sé sin drochíomhá den ghaelscolaíocht in aigne an phobail áitiúil agus bíonn leisc ar

thuismitheoirí áirithe a bpáistí a chur isteach sa chóras. Luaigh Ó Flannagáin cathair Dhoire mar shampla, áit nach bhfuil ach céatadán an-bheag de pháistí d'aois scoile ag dul tríd an chóras gaelscolaíochta. Tá trí bhunscoil sa chathair atá suite i mbotháin, cuid acu atá seanchaite agus a bhfuil drochbhail orthu. Fadhb eile is ea gan dearcadh fadtréimhseach, ná meántréimhseach féin, a bheith ag an Roinn Oideachais maidir le cóiríocht cheart do ghaelscoileanna. Glacann sé cúig bliana, ar an mheán, ó thús an phróisis go deireadh, foirgneamh nua scoile a thógáil. Cuir i gcás go bhfuil scoil nua ann a bunaíodh trí bliana ó shin agus fiche páiste nua tagtha isteach ag tús gach scoilbhliana. Trí bliana i ndiaidh bhunú a leithéid de scoil an t-am is fearr le tosú ar an phróiseas tógála, mar i gceann ceithre bliana beidh seacht rang ann agus thart ar scór páiste, is cosúil, i ngach ceann acu. Beidh seacht seomra de dhíth an t-am sin. Ach is nós leis an Roinn fanacht go dtí go bhfuil róbhrú agus géarchéim ann sula mbronnann siad maoiniú caipitil ar scoileanna le foirgnimh nua a thógáil. Fágadh scoileanna áirithe i bhfoirgnimh mhífhoirsteanacha ar feadh na mblianta sular tógadh cóiríocht cheart faoina gcoinne, Bunscoil Bheann Mhadagáin, mar shampla. Cuimhnítear go mbíonn gaelscoileanna i gcomórtas le scoileanna fadbhunaithe Béarla chomh maith a mbíonn uasghrádú agus feabhsúcháin de dhíth orthu.

Cé go bhfuil infheistíocht á déanamh ag an Roinn Oideachais sa chóras gaelscolaíochta, áitíonn Comhairle na Gaelscolaíochta nach leor í, mar is mó an t-ualach oibre atá ar mhúinteoirí i ngaelscoileanna ná é sin atá ar a gcomhghleacaithe i scoileanna Béarla. Cé gurb í an Ghaeilge teanga na ngaelscoileanna, tá an Béarla le teagasc fosta agus bítear ag súil go mbeidh na páistí ar comhchéim le daltaí sna scoileanna Béarla. Mar sin, tá ábhar breise le múineadh. Lena chois sin, ní mór do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga cuid mhór ama a chaitheamh le páistí duine ar dhuine lena chinntiú go sealbhaíonn siad an Ghaeilge, atá mar an dara teanga ag bunús acu. I rang le 25-30 páiste, is doiligh sin a dhéanamh. B'fhearr líon níos lú páistí a bheith i ngach rang lena chinntiú go mbíonn go leor ama ag múinteoirí agus ag cúntóirí le freastal ar riachtanais oideachasúla gach duine de na daltaí agus oideachas ardcháilíochta a chur ar fáil dóibh. Chuige sin, tá an chóiríocht chuí, le go leor seomraí, de dhíth.

An Córas Maoinithe Scoileanna

Cuireadh an Scéim Cómhaoinithe i bhfeidhm den chéad uair i mí Aibreáin 2005. Córas aonair maoinithe a fhreastalaíonn ar gach scoil dheontaschúnta atá ann. Is aidhm leis maoiniú a chur ar fáil ar bhonn comhsheasmhach, cothrom, beag beann ar an áit a bhfuil scoileanna lonnaithe agus ar an earnáil ina bhfuil siad. Mar gheall ar an chóras reatha maoinithe, áfach, is iomaí gaelscoil atá fágtha ar an ghannchuid. Cuirtear i bhfeidhm orthu foirmle maoinithe nach nglacann san áireamh gur scoileanna i mbéal fáis iad. Tá an fhoirmle chéanna maoinithe in úsáid faoi choinne scoileanna Béarla, earnáil atá i mbun cnaptha le tamall agus an líon daltaí ag dul i laghad.

Cuir i gcás gaelscoil a bunaíodh deich mbliana ó shin atá ag glacadh isteach líon níos mó daltaí gach bliain: imíonn cúigear déag ó Rang 7 i mí Mheithimh, agus tagann cúigear is fiche isteach i rang a haon i mí Mheán Fómhair na chéad scoilbhliana eile. Anois tá deichniúr daltaí breise sa scoil. De réir an chórais reatha, ní fhaigheann scoileanna buiséad bunaithe ar líon na ndaltaí atá ann faoi láthair: tá an buiséad bunaithe ar rollaí na bliana anuraidh. I gcás na scoile seo, caithfear an buiséad a shíneadh le freastal ar dheichniúr páistí breise. Ar ndóigh, tarlaíonn a leithéid d'fhás i scoileanna Béarla ó am go chéile, ach eisceacht a bhíonn ann de ghnáth. Bíonn daltaí breise ag teacht isteach i ngaelscoileanna bliain i ndiaidh bliana, agus téann an brú airgeadais in olcas.

Tá meicníocht ann trínar féidir le scoileanna airgead sa bhreis ar an bhuiséad atá ceadaithe dóibh a fháil tríd an Scéim Cómhaoinithe. De réir an dlí, caithfidh an tÚdarás Oideachais ciste teagmhais a bheith aige

le freastal ar chásanna práinne a thagann aníos. Bíonn brúnna breise ar scoileanna ó am go chéile. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh airgead de dhíth go práinneach le deisiúcháin a dhéanamh ar sheanfhoirgneamh scoile mar gheall ar dhoineann. Dá mbeadh dóiteán ann, seans go mbeadh botháin de dhíth láithreach mar chóiríocht shealadach. Dá dtiocfadh ardú i rith na scoilbhliana ar líon na bpáistí, d'fhéadfaí an costas a chlúdach le hairgead ón chiste teagmhais. Ach tá an ciste seo teoranta: ní thugtar ach 7/12 den airgead iomlán a bheadh ag dul don scoil faoi ghnáthchoinníollacha buiséid, agus níl aon chinnteacht ann go bhfaighidh scoileanna an t-airgead teagmhais ar chor ar bith, mar bíonn sé ag brath ar na hacmhainní a bheith ar fáil. Cás a léiríonn go maith an deacracht atá leis seo is ea Coláiste Dhoire, arb í 2017-18 an tríú scoilbhliain ar an fhód aige. Scoil i mbéal fáis í agus líon na ndaltaí ag dul in airde ó bhliain go bliain. Cé go mbeidh airgead teagmhais ar fáil dó go teoiriciúil le roinnt de na costais a bhaineann le daltaí breise a chlúdach, ní cinnte go bhfaighidh sé é. Rogha na n-údarás atá ann é a bhronnadh nó gan é a bhronnadh.

Tá gaelscoileanna, go háirithe cinn nua, íogair. Tá rogha acu idir róchaitheamh airgid agus cloí leis an bhuiséad ach bearta a chur i bhfeidhm nach bhfuil ag teacht leis an chur chuige oideachasúil is fearr. Go deimhin, tá an méid sin fíor faoi gach cineál scoile. Molann Comhairle na Gaelscolaíochta go láidir athrú a dhéanamh ar an chóras maoinithe, catagóir nua a thabhairt isteach faoi choinne earnálacha atá i mbéal fáis agus buiséad na bliana ag scoileanna a bheith bunaithe ar líon na bpáistí atá ann sa scoilbhliain reatha, seachas ar an líon acu a bhí ann sa scoilbhliain roimhe sin.

Pleanáil Cheantair

In 2006, foilsíodh Tuarascáil George Bain faoin Athbhreithniú Straitéiseach Neamhspleách ar an Oideachas. Cuireadh tús ina dhiaidh sin le próiseas pleanáil cheantair sa chóras oideachais ina iomláine. An aidhm a bhí leis a chinntiú go mbeadh éagsúlacht scoileanna ar fáil do dhaltaí ar fud an tuaiscirt agus go mbeadh na hábhair uile sa Chreat Teidlíochta ar fáil dóibh san iarbhunscolaíocht. Pléadh ceist na gaelscolaíochta i dtuarascáil Bain agus aithníodh go raibh an earnáil éagsúil le hearnálacha eile. Dúradh gur chóir “go gcuirfí san áireamh sa phleanáil Scoileanna don Todhchaí. ... Ciallaíonn sé seo pleanáil faoi coinne éileamh ionchais seachas éileamh léirithe san earnáil gaelscolaíochta agus san earnáil imeasctha.”¹⁶

Ag eascairt as tuarascáil Bain, rinneadh athbhreithniú sainiúil ar an ghaelscolaíocht agus foilsíodh é ar 9ú Deireadh Fómhair, 2008. Pléadh réimse leathan riachtanas agus glacadh san áireamh an gá le fás san earnáil a réamh-mheas. Leagadh amach go soiléir modheolaíocht faoi choinne “samhail riachtanas” taobh istigh den earnáil ghaelscolaíochta i gcomhthéacs foriomlán na pleanála ceantair. Níl an mhodheolaíocht sin curtha i bhfeidhm go fóill.

In 2013, d'iarr an tAire Oideachais ar na Boird Oideachais agus Leabharlann (an tÚdarás Oideachais sa lá atá inniu ann) comhphleananna ceantair a ullmhú i gcomhar le heagrais eile. Bhí páirt mhór ag an Chomhairle faoi choinne Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS) ann agus bhí ról níos lú ag eagrais eile, Comhairle na Gaelscolaíochta agus NICIE, ar son na hearnála imeasctha, ina measc. Foilsíodh na pleananna i mí Iúil 2013, i ndiaidh comhairliúcháin phoiblí, ach ní raibh samhail riachtanas don earnáil ghaelscolaíochta ná don earnáil imeasctha san áireamh iontu.

¹⁶ Tuarascáil ar an Athbhreithniú Straitéiseach Neamhspleách ar an Oideachas, George Bain, 2006, lch. 116, para 9.11, luaite in ‘Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS’, Comhairle na Gaelscolaíochta, Samhain 2016, lch 3.

I mí na Samhna, 2016, d'fhoilsigh Comhairle na Gaelscolaíochta cáipéis chuimsitheach le dul i ngleic leis an easnamh. Bhí “cur chuige córasach, céimneach” in úsáid acu le riachtanais na hearnála gaelscolaíochta a bhreithniú, agus tá bonn eolais faoin phróiseas fhoriomlan pleanáil cheantair curtha ar fáil anois acu. Faoi láthair, déantar pleanáil agus infheistíocht bunaithe ar líon na ndaltaí atá sna scoileanna i láthair na huaire, ní sa todhchaí. Ba chóir, dar leis an Chomhairle, dearcadh ar leith a chur i bhfeidhm sa phróiseas pleanála ceantair maidir leis an ghaelscolaíocht agus réamhinfeistíocht a dhéanamh i gcóiríocht cheart, fhóirsteanach. Mheallfadh a leithéid de bheart tuilleadh tuismitheoirí lena bpáistí a chur isteach sa chóras gaelscolaíochta.

Lúb ar lár

Chítear do chuid de na daoine ar labhair Gael Linn leo agus an tuairisc seo á hullmhú go bhfuil lúb ar lár chomh fada agus a bhaineann sé leis an ghaelscolaíocht a bheith san áireamh agus cinntí tábhachtachta á ndéanamh ag na húdaráis oideachais. Mar shampla, tugadh an curaclam bunscoile isteach sa reachtaíocht gan machnamh a bheith déanta ar na himpleachtaí a bheadh ann don ghaeloideachas. Cuireadh grúpa le chéile de shaineolaithe ón earnáil go práinneach le bearnaí a líonadh, ach as siocair go raibh an curaclam sa dlí cheana féin, ní raibh cead acu aon rud a athrú. Tá siad ann atá den tuairim gur chóir go mbeadh curaclam ar leith ann do dhaltaí gaelscoileanna. Tá an curaclam reatha bunaithe ar theanga amháin agus níl aon treoir tugtha do lucht an ghaeloideachais, a bhíonn ag plé le dhá theanga. Áiríonn Comhairle na Gaelscolaíochta fócas aonteangach an chóras oideachais ar na dúshláin is mó atá le sárú san earnáil ghaeloideachais. Deir siad, “forbraítear polasaithe na Roinne Oideachais agus a bhfeidhiú go príomha don earnáil Bhéarla agus ní i gcónaí a fhóireann siad don earnáil GS”.¹⁷

Sampla eile a léiríonn neamart na n-údarás é C2K. Socraíodh Conradh le comhlacht le seirbhísí TFC a chur ar fáil do scoileanna, ach níor smaoiníodh ar ábhar Gaeilge a chur ar fáil agus b'éigean Conradh eile a chomhaontú freastal ar na gaelscoileanna.

Luaigh lucht na hearnála linn nach bhfuil sainaonad sa Roinn Oideachais ná duine ar bith ainmnithe le bheith ag plé le scoileanna Gaeilge. Bíonn oifigigh ar leith ag déileáil leis an earnáil ar feadh tréimhse, ach is minic a imíonn siad ansin le poist eile a dhéanamh. Luaigh lucht an Áisoid nach bhfuil leanúnachas ann agus go mbíonn orthu dul i mbun feachtasaíochta lena chinntiú go mbíonn le dul i bhfeidhm ar na húdaráis, sa mhullach ar an obair eile a dhéanann siad. Moltar sainaonad gaeloideachais a bhunú sa Roinn Oideachais sa dóigh go mbeidh foireann ann a thuigeann an earnáil níos fearr agus na riachtanais atá le comhlíonadh. Chuirfeadh sé seo le forbairt na hearnála san fhadtéarma.

Moltaí

Seo iad cuid de na moltaí sonraithe atá déanta ag an Chomhairle maidir le pleanáil cheantair:

- Ba chóir don Roinn Oideachais straitéis shainoiriúnaithe, nuashonraithe a cheapadh d'earnáil na gaelscolaíochta agus pleanáil a dhéanamh maidir leis mhéadú suntasach a thiocfaidh uirthi sna blianta atá romhainn.
- Ba chóir go mbeadh na réimsí seo a leanas san áireamh sa straitéis: oiliúint múinteoirí breise, soláthar seomraí ranga breise, oscailt scoileanna úra, soláthar acmhainní breise teagaisc, gnóthú seirbhísí breise tacaíocht oideachais agus seirbhísí breise óige trí mheán na Gaeilge.

¹⁷ Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS, Comhairle na Gaelscolaíochta, Samhain 2016, lch 17

- Ba chóir don Roinn Oideachais daltaí gaelscolaíochta a shainaithe agus a mheasúnú mar chohórt ar leith, rud a thabharfadh stádas don earnáil a bheadh ar comhstádas leis an earnáil imeasctha.
- Mórdhúshlán atá roimh earnáil na gaelscolaíochta is ea an t-easnamh cóiríochta. Ba chóir torthaí iniúchadh tosaigh Chomhairle na Gaelscolaíochta ar riachtanais chóiríochta a thabhairt don Roinn Oideachais, don Údarás Oideachais agus do chroípháirtithe leasmhara eile, agus ba chóir dóibh comhoibriú leis an Chomhairle le hiniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais láithreacha na hearnála, chomh maith leo sin atá bunaithe ar a bpatrún fáis ionchais sna blianta atá romhainn. Ba chóir é seo a dhéanamh agus d'aidhm leis riachtanais shainiúla chóiríochta gach scoile a shainaithe agus gníomhú dá réir ar bhonn comhoibritheach.
- Moltar prótacal a bhunú maidir le gaelscoileanna neamhspleácha a dhéanamh d'aonaid agus de shruthanna Gaeilge i mbunscoileanna Béarla.
- Ní mór don Roinn Oideachais a aithint go bhfuil riachtanais teanga ar leith ag páistí sa chóras gaelscolaíochta agus gur chóir go mbeadh ranganna níos lú ann le deis a thabhairt do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga freastal mar is ceart ar gach páiste. Ba chóir soláthar airgeadais agus cóiríochta a chur ar fáil dá réir.

Moltaí eile

- Molann Comhairle na Gaelscolaíochta go láidir athrú a dhéanamh ar an chóras maoinithe, catagóir nua a thabhairt isteach faoi choinne earnálacha atá i mbéal fáis agus buiséad na bliana ag scoileanna a bheith bunaithe ar líon na bpáistí atá ann sa scoilbhliain reatha, seachas ar an líon acu a bhí ann sa scoilbhliain roimhe sin.
- Moltar sainaonad gaeilgeachais a bhunú sa Roinn Oideachais sa dóigh go mbeidh foireann ann a thuigeann an earnáil níos fearr agus na riachtanais atá le comhlíonadh. Chuirfeadh sé seo le forbairt na hearnála san fhadtéarma. Bheadh an sainaonad ag comhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta.
- Ba chóir go mbeadh an Roinn Oideachais níos airdealláí ar na moltaí agus ar an eolas a chuireann CATOC ar fáil di, is é sin an Coiste Áiseanna, Tacaíochta agus Oiliúna Curaclaim.
- Ní cainteoirí Gaeilge iad bunús na dtuismitheoirí a chuireann a bpáistí tríd an chóras gaelscolaíochta. Bíonn cuid mhaith acu ag brath ar thacaíocht neamhfhoirmiúil le heolas agus cuidiú a fháil. Tá struchtúr níos daingne de dhíth orthu le cabhrú leo an bealach a dhéanamh in éineacht lena gcuid páistí ar an aistear tríd an ghaelscolaíocht. Moltar acmhainní a chur ar fáil dóibh agus imeachtaí a eagrú le heolas a scaipeadh orthu. B'fhéidir go bhféadfaí a leithéid a fhí isteach leis an obair a dhéanann Glór na nGael leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga tí agus teaghligh.

Sa chuid seo, léiríodh an fás ionchais in earnáil na gaelscolaíochta suas go dtí 2023. Rianaíodh cuid de na bacainní atá ar fhás níos mó arís, easpa straitéise fadtéarmaí ina measc. Pléadh mar atá an scéim cómhaointhe leatraomach ar earnálacha atá i mbéal fáis. Rinneadh moltaí leis an scéal a fheabhsú. Sa chéad chuid eile, amharcfar ar an réamhscolaíocht.

Oideachas Luathbhlianta agus Réamhscolaíochta

Tá oideachas luathbhlianta lán-Ghaeilge mar dhúshraith an chóras gaelscolaíochta. Dá dhaingne agus dá dhoimhne é, is amhlaidh is láidre agus is rathúla a bheidh an earnáil trí chéile. Is é an Béarla máthairtheanga bunús na bpáistí san earnáil agus is mór an dúshlán é sin ó thaobh lán-tumoideachais a chleachtadh. Mar sin féin, is fearr na torthaí go hidirnáisiúnta ag páistí a théann trí chóras tumoideachais seachas córas ar bith eile. Tá fás suntasach tagtha ar líon na bpáistí atá ag baint úsáide as seirbhísí luathbhlianta lán-Ghaeilge ó bhí na 1990idí ann. Bhí méadú mór 58% ann idir 2012, nuair a bhí beagán le cois 760 páiste ann, agus 2017, agus beagnach 1,200 páiste ann. Tá 15 réamhscoil reachtúil ann, 29 réamhscoil dheonach/phobail, 5 chlár forbartha SureStart do pháistí 2 bhliain agus 3 bliana d'aois, agus 12 chlár do pháistí sa bhliain leathdheireanach den réamhscolaíocht.

Tá socruithe éagsúla maoinithe ann do na suíomhanna difriúla luathbhlianta. Maoiniú seasta é maoiniú reachtúil a bhíonn bunaithe ar sholáthar ionchais seirbhísí. Faigheann seirbhísí deonacha agus pobail maoiniú ón Údarás Oideachais ar bhonn caipitíochta agus bíonn sé nasctha le líon na ndaltaí atá ag freastal ar an tseirbhís. An fhadhb atá leis sin go mbíonn líon na ndaltaí ag athrú ó bhliain go bliain, é ag ardú agus ag titim. Fágann sé sin nach bhfuil an tseasmhacht chéanna ag baint leis na seirbhísí seo agus is doiligh pleanáil agus forbairt a dhéanamh agus cáilíocht na seirbhísí a fheabhsú thar am. Faigheann cláir forbartha SureStart maoiniú ón Roinn Oideachais trí chomhpháirtíochtaí idir an Bord Sláinte agus Cúraim Shóisialta agus cláir chúram leanaí. Ní bhíonn cláir do pháistí sa bhliain leathdheireanach dá gcuid oideachas luathbhlianta maoinithe ar bhonn reachtúil, agus ní bhíonn aon dearbhú cáilíochta ag baint leis na seirbhísí sin.

Tá 165 ball foirne ag obair in earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge: beirt bhainisteoirí ionaid, triúr comhordaitheoirí luathbhlianta, 57 múinteoir/ceannaire agus 103 cleachtóir luathbhlianta/cúram leanaí.

Eagras réigiúnach é Altram a bunaíodh i 1990 agus é mar mhisean aige cúram luathbhlianta ardcháilíochta trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn. Is iad seo a leanas aidhmeanna an eagrais:

- tacaíocht, traenáil agus comhairle a chur ar fáil don tsoláthar luathbhlianta Gaeilge
- tionchar a imirt ar fhorbairt phobal Gaeilge ina bhfuil meas ar an teanga agus ina labhraítear í
- forbairt a dhéanamh ar sholáthar ardchaighdeáin luathbhlianta trí mheán na Gaeilge mar dhúshraith ag an phobal seo
- forbairt a dhéanamh ar sholáthar ardchaighdeáin luathbhlianta trí mheán na Gaeilge mar dhúshraith éifeachtach ag an tumoideachas
- spreagadh agus tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhforbairt phobal na Gaeilge
- spreagadh agus tacú le rannpháirtíocht tuismitheoirí maidir le hoideachas a bpáistí
- leathnú amach na Gaeilge don phobal ina iomláine
- tábhacht an tsoláthair luathbhlianta trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn.

Tá Altram maoinithe ag an Roinn Oideachais, trí Chomhairle na Gaelscolaíochta, agus ag an Bhord Sláinte agus Cúraim Shóisialta. Tá seachtar daoine ag obair ag an eagras: bainisteoir, oifigeach réigiúnach inniúlachta, triúr speisialtóirí luathbhlianta, speisialtóir réigiúnach do na luathbhlianta lán-Ghaeilge agus riarthóir. Cuirtear réimse leathan seirbhísí ar fáil do na baill: tacaíocht ó na speisialtóirí luathbhlianta,

tacaíocht réamhchigireachta, buntacaíocht do naíonraí úra, oiliúint churaclaim agus teanga, pleanáil churaclaim, oiliúint de réir tosaíochtaí na Roinne Oideachais, oiliúint faoi chosaint leanaí, ceardlanna saincheaptha, tacaíocht agus comhairle do choistí bainistíochta agus áiseanna luathbhlianta i nGaeilge.

Dar le hAltram, is ionann na dúshláin agus na deacrachtaí san earnáil lán-Ghaeilge agus san earnáil luathbhlianta trí chéile, ach tá saincheisteanna breise i réimse na Gaeilge. Is beag an líon daoine atá ar fáil le dul ag obair san earnáil a bhfuil an saineolas, na scileanna agus an taithí chuí acu i dtrí réimse riachtanacha: oideachas luathbhlianta agus cúram leanaí, an Ghaeilge agus tumoideachas luathbhlianta. Tá dúshláin le sárú maidir le baill foirne a choinneáil: imíonn riar maith acu le dul ag obair i mbunscoileanna nuair a fhaigheann siad an deis chuige. Is iomaí cleachtóir atá ag obair de réir conarthaí bliantúla agus cuireann an easpa daingne ó thaobh a gcuid fostaíochta isteach orthu; go deimhin, bíonn leisc ar dhaoine dul ag obair san earnáil ar chor ar bith mar gheall air an cheist seo. Tá níos lú ná trí bliana de thaithí ag céatadán measartha ard de na hoibríthe i réimse na luathbhlianta (38%), ach tá taithí cúig bliana nó níos mó ag 50% acu.

Deacracht mhór is ea é baill foirne a bhfuil na croiscileanna uile acu a earcú. Tá easpa oiliúint chórasach ann ó thaobh modheolaíochtaí tumoideachas lán-Ghaeilge do bhaill foirne, d'oiliúnóirí agus d'fhoirne tacaíochta. Is beag tagairt a dhéantar don tumoideachas lán-Ghaeilge sa cháipéisíocht treorach reachtúil. Níl oiliúint ná treoir ar fáil dóibh siúd a bhfuil ról rialála acu, rud a fhágann nach féidir leo measúnú mar is ceart a dhéanamh ná breithiúnas cuí a thabhairt. Ceann de na himpleachtaí atá leis sin nach dtuigtear i gceart cad iad na bearnaí ná na laigí sa tsoláthar. Áitíonn Altram go bhfuil straitéis i dtaca le hoiliúint teanga agus tumoideachais de dhíth anois.

Má táthar le heispéireas tumoideachais den scoth a chur ar fáil do pháistí, caithfidh baill foirne a bheith cumasach sa Ghaeilge. Tá 74% díobh siúd atá ag obair san earnáil cumasach nó ar fheabhas ó thaobh na Gaeilge; tá sciar mór ann, áfach, nach bhfuil acu ach Gaeilge bhunúsach nó Gaeilge ar bith. Daoine iad seo, de ghnáth, a earcaíodh ar na mallaibh agus atá ag foghlaim na teanga.

Seo a leanas cuid de na príomhcheisteanna in earnáil na luathbhlianta lán-Ghaeilge atá liostaithe ag Altram¹⁸:

- Caithfear pleanáil straitéiseach a dhéanamh i dtaca le fás leanúnach na hearnála de réir mhianta tuismitheoirí, treochtaí daonra agus forbairt san oideachas lán-Ghaeilge ag gach leibhéal. Beidh próiseas daingean pleanála de dhíth i dtaca leis an fhórsa oibre le dul i ngleic leis an easpa baill foirne cáilithe, oilte.
- Tá easpa tuisceana ann ar an tumoideachas agus ar na buntáistí a bhaineann leis ó thaobh torthaí oideachais níos fearr. Mar gheall air sin, ní bhíonn an tumoideachas san áireamh i bpolasaithe agus ní féidir le gníomhaireachtaí oideachais measúnú mar is ceart a dhéanamh ar chaighdeán san oideachas luathbhlianta.
- Is gá creat córasach a fhorbairt ag an bhonnleibhéal do bhaill foirne maidir le modheolaíochtaí tumoideachais; tá creat faoi choinne forbairt leanúnach de dhíth fosta.
- Is gá caighdeán na gcumas saothair ó thaobh scileanna teanga agus modheolaíochtaí tumoideachais a shainmhíniú agus na scileanna agus an t-eolas breise a bhíonn de dhíth sa

¹⁸ *Na Luathbhlianta Gaeilge – Tuarascáil ar an Earnáil: Achoimre Fheidhmeach*, Conway, March 2017, Ich 8 https://www.altram.org/sites/default/files/AltramExecutiveSummary_FINAL_Su%C3%ADomh.pdf

chóras lán-Ghaeilge a aithint. Cé go bhfuil cláir agus áiseanna ann, tá maoiniú de dhíth lena bhforbairt agus le cláir chreidiúnaithe a dhéanamh díobh.

- Is iomaí buntáiste a bhaineann le hoideachas luathbhlianta trí mheán na Gaeilge Ghaeilge agus tá fás an-mhór tagtha ar an earnáil le cúig bliana anuas. Cuirtear ar fáil oideachas agus cúram ardcháilíochta ar phraghas saor, go háirithe sna ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Ní hamháin sin, faigheann páistí óga an deis scileanna tábhachtachta teanga a fhorbairt i suíomh tumoideachais fosta. Tá an réamhscolaíocht lán-Ghaeilge mar bhunchloch phobal na teanga agus na hearnála oideachas lán-Ghaeilge. Bíonn torthaí maithe acadúla, sóisialta agus cultúrtha ag páistí a théann faoi thumoideachas agus tá sé den riachtanas go mbeadh acmhainní den chaighdeán is airde ar fáil ar bhonn seasta.

Moltaí maidir le hAltram

Rinne Conway (2017) moltaí sainiúla maidir leis na chéad chéimeanna eile ba chóir a thabhairt san earnáil luathbhlianta lán-Ghaeilge. Tá achoimre díobh anseo thíos, ach is féidir teacht ar an mhíneolas [anseo](#).¹⁹

1. Ba chóir do Altram Plean Forbartha agus Oiliúna don Fhórsa Oibre atá costáilte agus a bhfuil spriocanna soiléire leis a fhorbairt agus é a chur i bhfeidhm de réir clár ama. Ba chóir go mbeadh sé comhaontaithe le comhpháirtithe, le maoinitheoirí agus leis na húdaráis rialála ionas gur féidir le cách cur chuige straitéiseach a úsáid le fórsa oibre oilte, cáilithe atá i gcónaí i mbun foráis a fhorbairt. Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas san áireamh sa phlean: cáilíochtaí ceannasaíochta (QCF Leibhéal 5), an caighdeán cuí Gaeilge, oiliúint i modheolaíochtaí tumoideachais agus cláir chreidiúnaithe oiliúna teanga.
2. Ba chóir do Altram Straitéis don Fhórsa Oibre a fhorbairt le dul i ngleic le ceisteanna earcaíochta agus agus coinníollacha fostaíochta.
3. Ba chóir do Altram Creat Straitéiseach a fhorbairt lena chomhpháirtithe straitéiseacha le tuismitheoirí agus páistí a mhealladh isteach san earnáil. San áireamh sa straitéis sin bheadh margaíocht a dhíríonn ar dhea-thorthaí oideachasúla, pleanáil áitiúil níos fearr bunaithe ar threochtaí daonra, tacaíocht do theaghlaigh agus aithint sruthanna maoinithe.
4. Ba chóir do lucht na hearnála Straitéis Chumarsáide a fhorbairt lena chinntiú go mbíonn tuiscint mar is ceart ar an tumoideachas ag na húdaráis rialála, ag síceolaithe oideachais, ag teiripeoirí urlabhra agus teanga srl. Ba chóir a bheith i dteagmháil go rialta leis na húdaráis rialála agus le cigirí na Roinne agus na n-iontaobhas sláinte agus cúram sóisialta lena chinntiú go dtéitear i mbun feabhais.
5. Ba chóir do Altram smaoineamh ar an ghá le taighde oibiachtúil ar na dea-thorthaí oideachasúla do pháistí i suíomhanna luathbhlianta lán-Ghaeilge.
6. Ba chóir do Altram agus do Chomhairle na Gaelscolaíochta teacht ar chomhthuiscint maidir lena róil agus freagrachtaí féin sa dóigh go mbeidh comhpháirtíocht éifeachtach acu lena chéile.
7. Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar na socruithe atá ann le tacú le tuismitheoirí i dtaca le forbairt teanga a gcuid páistí.

¹⁹ *Na Luathbhlianta Gaeilge – Tuarascáil ar an Earnáil: Achoimre Fheidhmeach*, Conway, March 2017, Ich 17 https://www.altram.org/sites/default/files/AltramExecutiveSummary_FINAL_Su%C3%ADomh.pdf

8. Ba chóir do Altram Treoir faoi Róil agus Freagrachtaí Coistí Bainistíochta a fhorbairt agus straitéis oiliúna a chur le chéile.
 9. Ba chóir do Altram, i gcomhar lena chomhpháirtithe straitéiseacha, iniúchadh a dhéanamh ar an chóiríocht ina gcuirtear seirbhísí oideachas luathbhlianta lán-Ghaeilge ar fáil.
-

Soláthar do Shainriachtanais Oideachais sa Chóras Gaelscolaíochta

Sa chuid seo, amharcfar ar an easnamh mór atá ann sa chóras gaelscolaíochta trí chéile ó thaobh sainriachtanais oideachais de agus déanfar moltaí le feabhas a chur ar chúrsaí. Pléifear torthaí taighde a rinne COGG agus Pobal in 2010.

Tá an soláthar i dtaca le sainriachtanais oideachais mar chroícheist ag gach leibhéal den chóras gaelscolaíochta. Deir Comhairle na Gaelscolaíochta go bhfuil “bacainní suntasacha go fóill roimh sholáthar sainriachtanais oideachais gaelscolaíochta”.²⁰ Tá CCEA agus an tÁisaonad ag teacht leis an tuairim sin. Rinne an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus Pobal taighde ar an cheist in 2010.²¹ Tá polasaí sainriachtanais oideachais gaelscolaíochta de dhíth ar bhun práinne, mar aon le seirbhísí ón Údarás Oideachais.

Cuimsíonn sainriachtanais oideachais na nithe seo a leanas:

- deacrachtaí foghlama
- deacrachtaí foghlama speisialta, e.g. disléicse agus uathachas
- deacrachtaí mothúchánacha agus iompraíochta
- míchumas fisiceach
- lagú céadfach, e.g. deacrachtaí éisteachta, deacrachtaí amhairc
- deacrachtaí urlabhra agus teanga
- riochtaí sláinte.

Bíonn sainriachtanais oideachais ag thart ar 17% de dhaltaí i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna Gaeilge (COGG agus Pobal, 2010). Is iad seo a leanas na trí riachtanas speisialta oideachais is mó atá i ngaelscoileanna an tuaiscirt: míchumas foghlama ginearálta meánach (35%), míchumas foghlama ginearálta éadrom (19%) agus deacrachtaí iompraíochta sóisialta agus mothúchánacha (15%).

Fuair COGG agus Pobal (2010) amach go bhfuil éiginnteacht mhór ar fud na hearnála gaelscolaíochta, ó thuaidh agus ó dheas araon, maidir leis na straitéisí is fóirsteanáí le freastal ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Tá eolas agus treoir níos fearr de dhíth i dtaca le huirlisí measúnaithe agus tacaíochta agus le hacmhainní a bhaineann le sainriachtanais oideachais agus an dátheangachas, le sainriachtanais oideachais agus an tumoideachas, agus le sainriachtanais oideachais i gcás páistí arb í an Ghaeilge a máthairtheanga.²²

Cé go bhfuil taighde déanta ar fud an domhain ar shainriachtanais oideachais i gcomhthéacs an dátheangachais agus an tumoideachais, níl aon treoir shoiléir pholasaí ar fáil in Éirinn maidir leis an chleachtas is fearr. Tá géarghá le saintaighde a dhéanamh i scoileanna leis na deacrachtaí atá ag múinteoirí, daltaí, tuismitheoirí agus gairmithe oideachais agus sláinte a mhaolú.

²⁰ Comhairle na Gaelscolaíochta, ‘Comhthéacs na Pleanála Ceantair: Plean Forbartha Earnáil GS’, Samhain 2016, lch 52

²¹ COGG agus Pobal, ‘Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán: Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála’, Meitheamh 2010

²² COGG agus Pobal, ‘Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán: Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála’, Meitheamh 2010, lch 1

Tugtar le fios i dtuairisc a rinneadh ar son na Roinne Oideachais (2012)²³ go raibh freagróirí sásta le gnéithe áirithe den tsoláthar sainriachtanais oideachais a bhí le fáil sa chóras gaelscolaíochta: an dea-chaidreamh idir daltaí agus múinteoirí, idir múinteoirí agus tuismitheoirí agus idir ghaelscoileanna éagsúla; rochtain ar sheirbhísí tacaíochta, agus saineolas, taithí agus díograis na múinteoirí. Mar sin féin, bhí formhór na bhfreagróirí ó réimse na bunscolaíochta (74%) míshásta leis an soláthar faoi choinne daltaí a raibh tacaíocht bhreise de dhíth orthu ina gcuid foghlama. 38% an figiúr cuí i réimse na réamhscolaíochta agus 34% i réimse na hiarbhunscolaíochta. Easpa acmhainní, uirlisí measúnaithe agus seirbhísí i nGaeilge agus an tacaíocht chuí a bheith gann, i measc nithe eile, fáth a míshástachta.

Ghlac príomhoidí agus múinteoirí páirt i bhfócasghrúpaí mar chuid de thaighde COGG agus Pobal (2010). Léirigh siad a míshástacht leis an soláthar seirbhísí agus mheas siad go raibh na seirbhísí a bhí ann dírithe ar an earnáil Bhéarla. Ní raibh uirlisí fóirsteanacha measúnaithe ar fáil agus i gcásanna áirithe, moladh d'fhoireann na scoile Béarla a labhairt leis na páistí a raibh cuidiú breise de dhíth orthu agus i gcásanna áirithe moladh do thuismitheoirí a bpáistí a aistriú go scoil Bhéarla.

Chuir COGG agus Pobal (2010) bileog threorach le chéile do mhúinteoirí faoi na huirlisí measúnaithe teanga agus matamaitice, faoi na háiseanna múinteoireachta agus foghlama, faoin oiliúint agus faoin soláthar seirbhísí atá ar fáil ar fud na hÉireann. Áis úsáideach atá ann do mhúinteoirí. D'aithin údair na tuarascála taighe gur bh éigean gréasáin eolais agus chumarsáide a fhorbairt faoi choinne na bpáirtithe leasmhara san earnáil. Aithníodh an “easpa comhordú chun a chinntiú go bhfuil na páirtithe leasmhara is tábhachtaí eolach ar na hacmhainní atá ann”.²⁴ Bhí go leor múinteoirí ag brath go hiomlán ar an eolas a fuair siad ina n-oiliúint tosaigh agus ó chúrsaí eile a bhí déanta acu mar chuid dá bhforbairt leanúnach ghairmiúil.

Bíonn cúrsaí inseirbhíse do mhúinteoirí ó thuaidh á gcur ar fáil ag an tSeirbhís Chomhairle agus Tacaíochta Curaclaim (CASS). Thuairiscigh Ní Chinnéide (2009) faoi na héilimh oiliúna agus moltaí a bhí ag múinteoirí gaelscolaíochta. Ina measc bhí acmhainní praiticiúla, fóirsteanacha atá réidh le húsáid sa seomra ranga agus ionad for-rochtana a chuirfeadh tacaíocht éifeacht, fhóirsteanach, shaindeartha ar fáil d'earnáil na gaelscolaíochta. Luaigh siad fosta cé go raibh an oiliúint a bhí ar fáil ó na Boird Oideachais agus Leabharlann úsáideach, gur bh úsáidí i bhfad oiliúint rialta a bhainfeadh go sonrath le hoideachas trí mheán na Gaeilge.²⁵

Fuair taighdeoirí COGG agus Pobal amach go mbíonn a gcuid ábhar féin á ullmhú ag a lán múinteoirí le freastal ar dhaltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Cé nach bhfuil na hacmhainní ag múinteoirí le bheith ag táirgeadh áiseanna ar chaighdeán gairmiúil foilsitheoireachta, “is acmhainn luachmhar don earnáil é” an t-ábhar a dhéanann siad.²⁶

²³ RSM McClure Watters, ar son na Roinne Oideachais, ‘Needs Assessment and Feasibility Study for the Development of High Level Diagnostic Tools in Irish for Children with Special Educational Needs in the Irish Medium Sector – Appendices’, Aibreán 2011

²⁴ COGG agus Pobal, ‘Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán: Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála’, Meitheamh 2010, lch 19

²⁵ Ní Chinnéide, ar son Pobal, don Roinn Oideachais, ‘The special educational needs of bilingual (Irish-English) children’, Meán Fómhair, 2009, Cuid 4.1

²⁶ COGG agus Pobal, ‘Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán: Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála’, Meitheamh 2010, lch 19

Cé go mbíonn ionchur ag múinteoirí ar comhordaitheoirí sainriachtanais oideachais iad ina scoileanna féin sna háiseanna a dhéanann an tÁisaonad, admhaíonn an t-eagras nach bhfuil áiseanna ar leith ann atá dírithe ar dhaltaí a bhfuil sainriachtanais acu. Aontaíonn CCEA go bhfuil easnamh mór áiseanna sa réimse seo.

Moltaí

- Moltar eolaire a chur le chéile de mhúinteoirí a bhfuil saineolas acu maidir le sainriachtanais oideachais ó tharla céimeanna máistreachta a bheith bainte amach acu sa ghort seo agus taithí mhaith a bheith acu sa seomra ranga.
- Tháinig trí mholadh as an staidéar a rinne Ní Chinnéide (2009). D'éiligh múinteoirí acmhainní praiticiúla, fóirsteanacha atá réidh le húsáid sa seomra ranga. Mhol siad fosta ionad for-rochtana a chuirfeadh tacaíocht éifeacht, fhóirsteanach, shaindeartha ar fáil d'earnáil na gaelscolaíochta. Luaigh siad cé go raibh an oiliúint a bhí ar fáil ó na Boird Oideachais agus Leabharlann úsáideach, gurbh úsáidí i bhfad oiliúint rialta a bhainfeadh go sonrach le hoideachas trí mheán na Gaeilge. Thiocfadh leis an Údarás Oideachais agus Comhairle na Gaelscolaíochta an oiliúint seo a chur ar fáil. Cuireann an tÁisaonad agus CCEA sainoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí nuair a eisiúint siad áiseanna úra.

Bhí dhá phríomh-mholadh ag COGG agus Pobal (2010). Is féidir mioneolas a fháil sa tuairisc a d'fhoilsigh siad féin ([anseo](#)) agus i staidéar féidearthachta a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais in 2011 faoi fhorbairt uirlisí diagnóiseacha do pháistí sa chóras gaelscolaíochta a bhfuil sainriachtanais oideachais acu ([anseo](#)). Is iad seo a leanas na moltaí:

- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Oideachais, i gcomhar lena chéile nó faoi seach, infreastruchtúr sainriachtanais oideachais a fhorbairt chun freastal ar riachtanais oideachais trí mheán na Gaeilge;
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Oideachais tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt straitéis eolais agus chumarsáide maidir le sainriachtanais oideachais agus oideachas trí mheán na Gaeilge.

Sa chéad chuid eile, pléifear áiseanna foghlama agus múinteoireachta in earnáil na gaelscolaíochta.

Áiseanna Foghlama agus Múinteoireachta don Chóras Gaelscolaíochta

Pléifear sa chuid seo an obair atá ar siúl ag na heagrais a dhéanann áiseanna foghlama agus múinteoireachta don earnáil gaelscolaíochta. Tá cur síos ar an chur chuige atá acu agus ar an chomhobair a dhéanann siad le chéile. Cuirfear i láthair na deacrachtaí atá ann ó thaobh pleanáil fhadtéarmach. Tá moltaí ann ag an deireadh le cúrsaí a dhéanamh níos fearr.

Deacracht é riamh an easpa acmhainní múinteoireachta agus foghlama atá ar fáil do lucht an ghaeloideachais. Tá eagrais éagsúla ag obair go dian le dul i ngleic leis an easnamh, an tÁisaonad agus CCEA ina measc, i gcomhar le COGG agus an Gúm ó dheas, ach tá bearnaí móra go fóill ann, go háirithe ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta.

Tá an tÁisaonad Lán-Ghaeilge lonnaithe i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. Cuireann an fhoireann áiseanna ar fáil i nGaeilge do ghaelscoileanna ó thuaidh, ach bíonn an t-ábhar a dhéanann siad in úsáid i scoileanna ó dheas chomh maith.

Tá feidhmeanna éagsúla ag an eagrais. Ceann acu sin is ea taighde a dhéanamh ar riachtanais lucht na ngaelscoileanna. Téitear i gcomhairle le múinteoirí agus príomhoidí lena fháil amach cad iad na leabhair agus áiseana leictreonacha atá de dhíth orthu leis an churaclam a sheachadadh. Féachtar ar bhearnaí sa tsoláthar agus déantar iarracht iad a líonadh. Déantar taighde ar na réitigh ar na riachtanais. In amanna, déantar áiseanna Béarla a aistriú go Gaeilge, ach is minic a dhéanann an tÁisaonad a chuid áiseanna féin ó bhun le freastal ar riachtanais shainiúla na ngaelscoileanna. Bíonn ról ag múinteoirí i bhforbairt na n-áiseanna, agus cuirtear ar fáil iad do scoileanna ar bhonn trialach sa dóigh gur féidir a fháil amach cé chomh héifeachtach agus úsáideach atá siad ag na daltaí. Cuirtear moltaí i bhfeidhm agus déantar feabhsúcháin de réir mar is gá, agus ansin déantar trialacha i scoileanna eile sula ndéantar an leagan deiridh. Nuair a chuirtear áiseanna úra ar fáil, cuireann an tÁisaonad oiliúint ar fáil do mhúinteoirí sa dóigh go mbeidh siad in ann an tairbhe is mó agus is féidir a bhaint astu sa seomra ranga.

Feidhm eile atá ag an Áisaonad na táirgí acu a dhíol. Is féidir le scoileanna earraí a ordú ar líne, ina measc téascleabhair, leabhair nótaí do mhúinteoirí agus leabhair scéalta. Tá áiseanna ar líne fosta, lena n-áirítear cluichí ríomhaireachta agus an Seomra Nuachta, a gcuirtear scéal nua ann gach lá. Tá cuid mhór de na háiseanna a dhéanann an tÁisaonad ceangailte le chéile ó thaobh foghlama de. Mar shampla, tá áiseanna fóineolaíochta ann le cuidiú le páistí óga ullmhú don léitheoireacht sula dtéann siad i ngleic le Cleite, clár luathléitheoireachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag múinteoirí, múinteoirí nuacháilithe go háirithe, faoi na háiseanna seo, agus mar sin is feidhmeanna eile ag an eagrais iad margaíocht agus ardú feasachta.

Tá cúigear ag obair san Áisaonad: Bainisteoir, Comhairleoir Oideachais, Eagarthóir, Teicneoir agus Riarthóir (ar post páirtaimseartha é). Maoiníonn Foras na Gaeilge sciar de thuarastail na mball foirne agus tagann an chuid eile ó dhíol áiseanna. Is i gColáiste Ollscoile Naomh Muire atá an tÁisaonad lonnaithe agus bíonn an coláiste ag cur áitribh agus seirbhísí acmhainní daonna agus pearsanra ar fáil.

An togra is mó agus is suntasaí atá déanta ag an Áisaonad le tamall ná Cleite, clár luathléitheoireachta. Go dtí seo, tá trí bhanda leabhar curtha le chéile, 60 leabhar i ngach ceann acu. Clár thar a bheith struchtúrtha atá ann agus an chonair ar aghaidh ó leabhar go leabhar leagtha amach go han-soiléir. Sampla maith is ea an clár seo de fhreagairt an eagrais ar na riachtanais ar leith atá ag daltaí agus

múinteoirí sa chóras gaelscolaíochta. Tá an oiread sin de ráchairt air go bhfuil sé imithe as cló agus an dara heagrán le hullmhú.

Bhí clár nua luathléitheoireachta á iarraidh ar feadh tamall de bhlianta ag múinteoirí. Chaith foireann an Áisaonaid tamall i mbun taighde ar na háiseanna a bhí ar fáil cheana féin lena shocrú cad é an cur chuige ab fhearr sa chlár úr. D'aithin siad bearnaí sa tsoláthar a bhí ann cheana féin agus d'fhéach siad lena líonadh. Bhí áiseanna Béarla mar spreagadh acu fosta.

Tá áis nuachta, an Seomra Nuachta, ar C2K, seirbhís ar líne le hábhar foghlama do scoileanna. Cuirtear scéal nua in airde gach lá. Léirítear do na páistí go mbaineann an Ghaeilge leis an lá inniu agus leis an saol taobh amuigh den scoil. Tig leo tráchtanna agus a scéalta féin a scríobh. Tá an Filleán Fíricí ann chomh maith, atá mar fhoinsé eolais ag daltaí faoi réimse leathan ábhar. Is cineál de chliclipéid atá ann. Baineann an t-ábhar le leabhair agus le áiseanna eile atá déanta cheana féin ag an Áisaonad. Is beag ábhar i nGaeilge atá ar fáil ar an idirlíon, mar sin foinsé mhaith eolais atá ann do pháistí agus iad i mbun taighde, agus is féidir le múinteoirí a bheith cinnte go bhfuil caighdeán na teanga sásúil agus go bhfuil an t-ábhar ceangailte leis an churaclam. Buntáiste mór a bhaineann le Filleán Fíricí gur féidir ceann úr a chur in airde am ar bith agus nach gá a bheith ag moilleadóireacht agus ag fanacht le leabhar iomlán a chur le chéile. Amach anseo, beidh comhéadan nua ar fáil le freastal ar an iarbhunoidéachas.

Bíonn na heagrais thuasluaite a dhéanann áiseanna do ghaelscoileanna ag comhoibriú lena chéile. Mar shampla, rinne CCEA agus COGG obair le Cleite a fhorbairt tuilleadh agus a leathnú. Tá ábhar tacaíochta – cluichí, nótaí ar líne srl – curtha ar fáil ag CCEA. Gaeilge Uladh atá sa bhunchlár, ach chuir COGG maoiniú ar fáil le leagan atá fóirsteanach do léitheoirí ó dheas a dhéanamh. Fágann sé sin go bhfuil dhá leagan ann anois atá bunaithe ar an dá leagan den Chaighdeán Oifigiúil. Cuireann COGG maoiniú ar fáil faoi choinne laethanta oiliúna do mhúinteoirí ar fud na tíre maidir le Cleite. Téann foireann ón Áisaonad thart ar an tír agus deir siad go bhfuil tóir níos mó ar Cleite ó tháinig an curaclam nua teangacha bunscóile i bhfeidhm ó dheas i Meán Fómhair 2017.

Tá buntáistí go leor le baint as an chomhoibriú idir eagrais, agus bíonn a leithéid ag tarlú ar bhonn uile-oileánda ann. Tá scil ar leith ag COGG ó thaobh eolas a scaipeadh ar lucht na scoileanna faoi na háiseanna atá ar fáil; tá veain mór acu lán leabhar agus áiseanna eile a théann ar fud na tíre a thabhairt cuairte ar scoileanna. Ar an lámh eile, tá saineolas oideachais ag an Áisaonad agus ag CCEA le háiseanna den chaighdeán is airde a chur ar fáil, i gcomhar le cuid de na tithe foilseacháin is fearr dá bhfuil ann. Deir na heagrais éagsúla go mbíonn plé agus comhoibriú acu lena chéile de réir mar is gá. Ar scáth a chéile a mhaireann siad, agus moltar leanúint ar aghaidh leis an chomhoibriú oiread agus is féidir ar mhaithe leis na foghlaimoirí óga agus leis na múinteoirí.

Tá easpa cinnteachta ann maidir le maoiniú fadtéarmach don Áisaonad, agus ní féidir leis an aonad Gaeilge in CCEA a bheith cinnte cad é an buiséad a bheidh ar fáil dóibh ó bhliain go bliain. Deir foireann an Áisaonaid go mbeidh siad srianta ina gcuid pleanála mar ní bhíonn a fhios acu cá mhéad airgid a bheidh ar fáil dóibh. Tá cúinsín polaitíochta i gceist, agus b'fhearr nach mbeadh.

Bíonn brú ar lucht an Áisaonaid ábhar a dhíol mar tá an t-eagras ag brath ar an teacht isteach sin le tuarastal iomlán na mball foirne a chlúdach. Tá an baol ann, mar sin, go mbeifí ag díriú ar dhíolacháin seachas ar riachtanais, ach tá próiseas i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn riachtanais na ndaltaí agus na múinteoirí mar ardtosaíocht. Bailítear eolas uair sa bhliain nó dara gach bliain ó mhúinteoirí agus príomhoidí faoi na bearnaí atá sa tsoláthar ar na dóigheanna seo a leanas: ceistneoirí, laethanta oiliúna,

comhdhálacha agus laethanta poiblí do mhúinteoirí. Tá fócasghrúpaí eochairchéime ann chomh maith ina bhfuil idir triúr agus cúigear múinteoirí agus tagann na grúpaí seo le chéile dhá uair sa bhliain.

Deir foireann an Áisaonaid gur minic a thagann múinteoirí i dteagmháil leo agus eolas á lorg acu faoi áiseanna a dhíríonn ar ábhar nó ar scil ar leith. B'fhéidir go bhfuil múinteoirí ann atá ag streachailt mar nach bhfuil a fhios acu go bhfuil áiseanna áirithe ar fáil. B'fhiú córas a bhunú lena chur in iúl do mhúinteoirí cad é go díreach atá ar fáil. Moladh a chuir foireann an Áisaonaid i láthair is ea Comhairle na Gaelscolaíochta an ról seo a chomhlíonadh maidir le heolas a bhailiú faoi áiseanna agus é a dháileadh ar mhúinteoirí.

Dúshlán eile a luaigh lucht an Áisaonaid agus eagrais eile linn nach bhfuil foireann ar leith atá tiomanta don ghaeloideachas ag an Roinn Oideachais. Níl speisialtóirí ar bith ag plé leis an earnáil agus is minic a aistríonn daoine sa Roinn ó phost go post, rud a fhágann gur doiligh ag eagrais caidreamh fadtéarmach a chothú le hoifigigh. Ní bhíonn deis ag na hoifigigh tuiscint mar is ceart a fháil ar an earnáil ach oiread.

Moltaí

- Ba chóir go mbeadh buiséad níos mó ag an Áisaonad le tuilleadh de na háiseanna atá de dhíth ar scoileanna a chur ar fáil.
- Ba chóir go mbeadh comhsheasmhacht ann ó thaobh maoinithe de agus go mbeadh cinnteacht fhadtéarmach ann. Faoi láthair tá forbairtí in earnáil na gaelscolaíochta ag brath ar thoil pholaitiúil, ach tá cosaint reachtúil de dhíth sa dóigh gur féidir pleanáil níos fadtéarmaí a dhéanamh ar mhaith le hoideachas ardchaighdeán a chur ar fáil do pháistí.
- Moltar go ndéanfaidh oideachasóirí ó thuaidh staidéar ar an Churaclam Teanga na Bunscoile a cuireadh i bhfeidhm ó dheas i mí Mheán Fómhair 2017. Tá Contanaim Dul Chun Cinn curtha ar fáil ina leagtar amach na mionchéimeanna dul chun cinn a dhéanann páistí ina gcumarsáid agus ina dtuiscint. Déantar freastal ar gach cineál cainteora: cainteoirí dúcháis Gaeilge, iad siúd nach bhfuil Gaeilge ar bith á labhairt sa bhaile acu, cainteoirí nach iad an Ghaeilge ná an Béarla a máthairtheanga srl.
- Moltar catalóg áiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin ábhar uile atá ar fáil. Is cosúil gurb í Comhairle na Gaelscolaíochta an t-eagrais is fearr leis an ról sin a chomhlíonadh.

Sa chuid seo, pléadh an obair a dhéanann na heagrais éagsúla a chuireann áiseanna foghlama agus múinteoireachta don earnáil gaelscolaíochta. Cuireadh síos ar chuid de na dúshláin a bhíonn le sárú acu agus rinneadh moltaí leis an scéal a fheabhsú.

An Ghaeilge san Oideachas Tríú Leibhéal

Tabharfar eolas sa chuid seo ar na cúrsaí Gaeilge atá ar fáil i dtrí institiúid tríú leibhéal: Ollscoil na Banríona, Ollscoil Uladh agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire.

Tá cúrsaí bunchéime sa Ghaeilge ar fáil sa dá ollscoil sa tuaisceart: Ollscoil na Banríona agus Ollscoil Uladh. Tá an Ghaeilge agus an Léann Ceilteach mar ábhar i mbunchéimeanna ealaíon in Ollscoil na Banríona. Díritear ar an nuatheanga agus déantar staidéar ar chultúr agus ar shochaí na hÉireann. Tá modúil ann ar dhéanamh scannán, an gearrscéal, an t-úrscéal agus filíocht nua-aimseartha. Tá an clár céime rangaithe mar an clár Gaeilge is fearr de réir Sunday Times Good University 2016. De ghnáth, faigheann céimithe fostaíocht i réimse na múinteoireachta, sna meáin chumarsáide, san aistriúchán, san earnáil phobail nó le heagrais a chuireann an teanga chun cinn. Maireann an cúrsa BA trí bliana, nó ceithre bliana má chaitear bliain i mbun staidéir thar lear, agus caitear 3 seachtaine i scoil samhraidh gach bliain i nGaeltacht Dhún na nGall. Caitheann idir 25 agus 50 mac agus iníon léinn i ngach bliainghrúpa 4 uair an chloig sa tseachtain ag freastal ar léachtaí agus 6 uair an chloig i ranganna teagaisc, a mbíonn líon níos lú rannpháirtithe iontu. Éilíonn an ollscoil ABB, an Ghaeilge san áireamh, sna scrúduithe Ardleibhéil, nó a chomhionann sin, le háit a fháil ar an chúrsa bunchéime.

Maidir le hOllscoil Uladh, tá cúrsaí bunchéime páirtaimseartha agus lánaimseartha araon ar fáil. Tá cúrsa dioplóma ann chomh maith a reáchtáiltear in ionaid éagsúla ar fud Chúige Uladh agus é mar chonair isteach sa chúrsa bunchéime. Is féidir céim sa Ghaeilge a dhéanamh nó í a bheith mar ábhar i gcúrsa comhchéime le hábhar eile, an Dlí, an Mhargaíocht, Staidéar Gnó agus an Ceol, mar shampla. Is féidir cúrsa bunchéime páirtaimseartha a dhéanamh i gcampas Bhéal Feirste nó i gcampas Mhig Aoidh i nDoire. Is é Doire an t-aon champas inar féidir cúrsa bunchéime sa Ghaeilge a dhéanamh ar bhonn lánaimseartha.

Bhí míshásamh i measc phobal na Gaeilge in 2015 le cinneadh Ollscoil Uladh deireadh a chur leis an chúrsa bunchéime lánaimseartha i gcampas Bhéal Feirste. B'éigean don ollscoil gearradh siar ar a caiteachas mar gheall ar chiorrú £9 milliún ar a buiséad ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Tuairiscíodh go raibh sé de rún ag an ollscoil cuíchóiriú a dhéanamh ar bhonn leathan: 210 post a scor agus laghdú 1,250 a dhéanamh ar líon na mac agus na n-iníonacha léinn.²⁷ Luaigh an ollscoil cúig chritéar a bhí in úsáid sa phróiseas cuíchóirithe acu: éileamh, taighde, sástacht, ráta laghdaithe agus fostaíocht. Bhí ag éirí go fiormhaith leis an chúrsa lánaimseartha i mBéal Feirste maidir le gach ceann de na critéir sin; go deimhin, bhí ráta 100% ann maidir le héileamh, sástacht agus taighde sa bhliain acadúil 2014/15. Léirigh an National Student Survey gur chuir gach duine de na daoine ar an chúrsa bunchéime lánaimseartha sa Ghaeilge in iúl go raibh siad sásta leis an chúrsa, agus ba í Roinn na Gaeilge an t-aon roinn san ollscoil a fuair ráta sástachta 100%. Bhí an cúrsa lán in 2013-14, 2014-15 agus 2015-16. Chuir 56 duine isteach ar an chúrsa in 2015, rud a léiríonn an ráchairt mhór a bhí air díreach san am a cuireadh deireadh leis. Shínigh 3,400 duine achainí a d'eagraigh Conradh na Gaeilge, daltaí meánscoile ina measc, ag impí ar Ollscoil Uladh an cúrsa a choinneáil, ach cuireadh deireadh leis.

Is é Coláiste Ollscoile Naomh Muire an chéad institiúid oideachais tríú leibhéal in Éirinn a chuir cúrsaí bunoiúna do mhúinteoirí ar fáil trí mheán na Gaeilge. Bíonn an fhoireann i mbun taighde ar ghnéithe

²⁷ Alt ar Tuairisc.ie, 'Deireadh le cúrsa céim Gaeilge in Ollscoil Uladh agus poist cailte', 11ú Lúnasa, 2017

tábhachtacha den tumoideachas agus ar an dóigh sin bíonn siad ag tacú le forbairt straitéiseach earnáil na gaelscolaíochta. Chomh maith leis an Ghaeilge féin, bíonn na mic agus iníonacha léinn ag foghlaim straitéisí múinteoireachta atá fóirsteanach do scoileanna ina gcuirtear tumoideachas ar fáil.

Is féidir cáilíocht mhúinteoireachta a bhaint amach le bunchéim nó le teastas iarchéime sa choláiste. Féadfar an cúrsa BEd (Onóracha) a dhéanamh go dátheangach, i nGaeilge agus i mBéarla. Ní hamháin go mbronntar bunchéim orthu siúd a leanann an chonair sin, baineann siad Teastas san Oideachas Dátheangach amach fosta.

Tá dhá chúrsa iarchéime i gColáiste Ollscoile Naomh Muire chomh maith a dhíríonn ar an chóras gaelscolaíochta: ceann sa bhunscolaíocht agus ceann san iarbhunscolaíocht. Cúrsaí lán-aimseartha aon bhliain iad a mhúintear go príomha trí mheán na Gaeilge. Ag an deireadh, bronntar Teastas Iarchéime san Oideachas ar na rannpháirtithe agus tá siad aitheanta ag an phointe sin mar mhúinteoirí cáilithe ag an Roinn Oideachais.

Bunaíodh an cúrsa iarbhunscolaíochta mar fhreagairt ar an éileamh a bhí ann ar mhúinteoirí atá in ann ábhair éagsúla a theagasc trí Ghaeilge. Cúrsa comhpháirtíochta idir Coláiste Naomh Muire, Ollscoil Uladh agus Ollscoil na Banríona atá ann. Faigheann siad siúd a chríochnaíonn an cúrsa Teastas san Oideachas Dátheangach ó Choláiste Naomh Muire agus an Teastas Iarchéime san Oideachas ó Ollscoil Uladh nó Ollscoil na Banríona.

Moltaí

- Moltar an cúrsa bunchéime lánaimseartha i gcampas Bhéal Feirste Ollscoil Uladh a athbhunú mar bhí rath mór air agus tá ráchairt go fóill air.

An Ghaeilge sa Chóras Oideachais ó Thuaidh

Seo thíos príomh-mholtaí a eascraíonn ón tuairisc seo:

Bunscoileanna Béarla

- Foghlaim nuatheangacha a bheith mar ghné reachtúil den churaclam bunscoile le comhionannas deiseanna foghlama a chinntiú agus le scileanna foghlaim teangacha na ndaltaí ar feadh a saoil a fheabhsú.
- An Roinn Oideachais clár úr a bhunú leis an Ghaeilge a chur chun cinn i mbunscoileanna Béarla nó an Clár Nuatheangacha Bunscoile a athbhunú, ach é leasaithe agus feabhsaithe de réir thuairimí na bpríomhoidí a ghlac páirt i dtaighde CCEA.
- Clár múineadh nuatheangacha i mbunscoileanna a cheapadh (nó a leathnú) le hEochairchéim 2 a chuimsiú, chomh maith leis an Bhonnchéim agus Eochairchéim 1, agus siollabas agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil.
- An Roinn Oideachais go leor acmhainní a chur ar fáil le cibé clár a bhunódh an Roinn Oideachais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maoiniú le teagascóirí cuartaíochta a fhostú nó le foireann a chur in áit múinteoirí lánaimseartha a bhfuil Gaeilge acu le gur féidir leo dul thart ar na ranganna éagsúla sa scoil agus an teanga a theagasc.
- Áiseanna saincheaptha múinteoireachta agus foghlama a chur ar fáil do lucht na mbunscoileanna Béarla a riarann ar a riachtanais shainiúla féin.
- Oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí bunscoile a bhfuil Gaeilge acu cheana féin le go mbeidh siad muiníneach go leor lena múineadh agus lena fí isteach i réimsí foghlama Churaclam Thuaisceart Éireann.
- Siollabas a dhearadh do mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla agus acmhainní teagaisc agus foghlama a chur ar fáil dá réir, mar shampla leabhair, póstaer, dlúthdhioscaí, DVDanna, ábhar ar líne agus acmhainní idirghníomhaíochta don chlár bhán.
- Acmhainní a fhorbairt atá ceaptha go sainiúil do dhaltaí i mbunscoileanna Béarla ó thuaidh, seachas a bheith ag úsáid acmhainní atá deartha d'earnáil an ghaeloideachais nó don churaclam ó dheas.
- Moltar tionscnaimh fhiúntacha, fhadtéarmacha trasphobail a bhunú leis an Ghaeilge a chur i láthair ar dhóigh dhearfach, neamhbhagarthach, cosúil leo siúd atá ar bun cheana féin ag leithéidí Gael Linn, Iontaobhas Ultach agus Turas. D'fhéadfaí cláir a dhíríonn ar an chultúr Ghaelach a chur i bhfeidhm mar thúsphointe sna scoileanna sin nár mhaith leo an teanga féin a mhúineadh ach a bhfuil spéis acu san oidhreacht Ghaelach atá i gcoitinne ag gach duine de phobal an tuaiscirt.

Iar-Bhunscoileanna Béarla

Moltaí

- Mar atá molta ag Collen et al. (2016), ba chóir gné riachtanach den curaclam a dhéanamh d'fhoghlaim teanga bhreise ag Eochairchéim 4. Chuirfeadh sé sin go mór leis an an oideachas a fhaigheann daltaí, lena gcuid scileanna, lena dtuiscint ar an domhan thart orthu agus lena ndeiseanna fostaíochta.
- Ní mór a chur ina luí ar phríomhoidí, ar bhainisteoirí eile scoile agus ar ghobharnóirí go háirithe cé chomh tábhachtach atá foghlaim teangacha breise le hoideachas iomlánaíoch a chur ar fáil dá gcuid daltaí.
- Ní mór príomhoidí, bainisteoirí eile scoile, gobharnóirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí a chur ar an eolas faoin iliomad deiseanna fostaíochta atá ar fáil dóibh siúd a bhfuil Gaeilge mhaith acu. B'fhiú clár speisialta a bhunú le heolas a scaipeadh faoi na gairmeacha agus deiseanna éagsúla fostaíochta agus fiontraíochta atá ann. D'fhéadfaí é a dhéanamh trí fhíseáin a scaipfí ar na meáin shóisialta (cosúil le 'Do Ghairm le Gaeilge' a sheol Foras na Gaeilge agus Grad Ireland i mí Feabhra 2017 agus trí imeachtaí ar leith i scoileanna agus in ionaid eile ar fud an tuaiscirt).
- B'fhiú deiseanna a sholáthar do dhaltaí a gcuid Gaeilge a chleachtadh taobh amuigh den scoil agus iad in Eochairchéim 3 sa dóigh go mbeidh an teanga níos fusa mar ábhar acu faoin am a shroicheadh siad Eochairchéim 4. Mar shampla, d'fhéadfaí iad a spreagadh le freastal ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht agus páirt a ghlacadh i gcumainn óige áitiúla Ghaeilge.
- B'fhiú an rud céanna a dhéanamh i dtaca le daltaí Eochairchéim 4: má tá an Ghaeilge in úsáid acu taobh amuigh den scoil, tuigfeadh dóibh go bhfuil feidhm phraiticiúil léi agus go bhfuil sí níos tarraingtí agus níos fusa, fiú, mar ábhar scrúdaithe.
- Ba chóir clár óige ar leith a bhunú sna cumainn óige áitiúla Ghaeilge do dhaltaí iarbhunscoile a bhfuil suim mhór sa Ghaeilge acu ach nach bhfuil ag freastal ar ghaelscoil. Bheadh na daltaí ag daingniú a gcuid eolais ar an teanga ar dhóigh spráúil.
- Ba chóir áiseanna a chur ar fáil mar ábhar práinne do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge ag Eochairchéim 3 agus 4 agus don Ardleibhéal. Ba chóir téacsleabhar cuimsitheach GCSE bunaithe ar an tsonraíocht úr a thug CCEA isteach ar na mallaibh a sholáthar gan mhoill.
- Ba chóir sainábhar digiteach Eochairchéim 3 agus Eochairchéim 4 a dhearadh faoi choinne mhúineadh agus fhoghlaim na Gaeilge mar ábhar práinne.
- Ba chóir aon chluichí a dhéanfaidh eagrais mar an BBC amach anseo do Eochairchéim 3 a bheith bunaithe ar na topaicí atá sa siollabas.
- Ba chóir áiseanna múinteoireachta agus foghlama a chur ar fáil maidir le gach aonad sna cúrsaí leibhéal AS agus A2 mar ábhar práinne.
- Ba chóir go mbeadh cúntóir Gaeilge i ngach scoil ina bhfuil an Ghaeilge á mhúineadh mar ábhar Ardleibhéil.
- B'fhiú go mór Comhar na Múinteoirí Gaeilge nó eagrais cosúil leis a athbhunú sa dóigh go mbeadh sé níos fusa ag múinteoirí iarbhunscoile saineolas, tacaíocht agus áiseanna a chur ar fáil dá chéile.

- Tá deis ar leith ann anois an Ghaeilge a chur chun cinn as siocair go bhfuil an oiread sin plé á déanamh uirthi sa dioscúrsa polaitíochta. Tá sé tugtha le fios ag eagrais Ghaeilge ar fud an tuaiscirt a chuireann ranganna Gaeilge ar siúl don phobal go bhfuil ardú mór tagtha ar líon na ndaoine atá ag freastal ar a gcuid ranganna.
- B'fhiú taighde gairmiúil a dhéanamh ar na fáthanna nach bhfuil ach líon beag daltaí ag dul do 'Irish' mar ábhar GCSE, AS agus A2 agus na bearta cuí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an scéal agus tuilleadh daltaí a mhealladh i dtreo na teanga.
- Ba chóir, mar atá molta ag Collen et al. (2017), conair shoiléir ó thaobh foghlaim teangacha breise de a rianú feadh na scolaíochta ar fad, go háirithe ó Eochairchéim 2 ar aghaidh go Eochairchéim 3 agus 4. Bheadh an soláthar i gceantair foghlama seachas i scoileanna aonair san áireamh.
- Molann múinteoirí líonra a bhunú ar líne sa dóigh gur féidir leo áiseanna múinteoireachta agus foghlama a thabhairt dá chéile. Aithnítear Gael Linn mar an t-eagras is fearr leis sin a dhéanamh ó tharla é a bheith ar cheann de na sé eagras a fhaigheann croímhaoiniú ó Fhoras na Gaeilge.
- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh lena fheiceáil ar chóir an Ghaeilge Fheidhmeach (nó Applied Irish) a bhunú mar ábhar iarbhunscolaíochta le freastal ar na daltaí sin nach bhfuil lé acu leis an acadúlacht.
- Ba chóir don Roinn Oideachais straitéis shainoiriúnaithe, nuashonraithe a cheapadh d'earnáil na gaelscolaíochta agus pleanáil a dhéanamh maidir leis mhéadú suntasach a thiocfaidh uirthi sna blianta atá romhainn.
- Ba chóir go mbeadh na réimsí seo a leanas san áireamh sa straitéis: oiliúint múinteoirí breise, soláthar seomraí ranga breise, oscailt scoileanna úra, soláthar acmhainní breise teagaisc, gnóthú seirbhísí breise tacaíocht oideachais agus seirbhísí breise óige trí mheán na Gaeilge.
- Ba chóir don Roinn Oideachais daltaí gaelscolaíochta a shainiú agus a mheasúnú mar chohórt ar leith, rud a thabharfadh stádas don earnáil a bheadh ar comhstádas leis an earnáil imeasctha.
- Mórdhúshlán atá roimh earnáil na gaelscolaíochta is ea an t-easnamh cóiríochta. Ba chóir torthaí iniúchadh tosaigh Chomhairle na Gaelscolaíochta ar riachtanais chóiríochta a thabhairt don Roinn Oideachais, don Údarás Oideachais agus do chroípháirtithe leasmhara eile, agus ba chóir dóibh comhoibriú leis an Chomhairle le hiniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar riachtanais láithreacha na hearnála, chomh maith leo sin atá bunaithe ar a bpatrún fáis ionchais sna blianta atá romhainn. Ba chóir é seo a dhéanamh agus d'aidhm leis riachtanais shainiúla chóiríochta gach scoile a shainiú agus gníomhú dá réir ar bhonn comhoibritheach.
- Moltar prótacal a bhunú maidir le gaelscoileanna neamhspleácha a dhéanamh d'aonaid agus de shruthanna Gaeilge i mbunscoileanna Béarla.
- Ní mór don Roinn Oideachais a aithint go bhfuil riachtanais teanga ar leith ag páistí sa chóras gaelscolaíochta agus gur chóir go mbeadh ranganna níos lú ann le deis a thabhairt do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga freastal mar is ceart ar gach páiste. Ba chóir soláthar airgeadais agus cóiríochta a chur ar fáil dá réir.
- Molann Comhairle na Gaelscolaíochta go láidir athrú a dhéanamh ar an chóras maoinithe, catagóir nua a thabhairt isteach faoi choinne earnálacha atá i mbéal fáis agus buiséad na bliana ag scoileanna a bheith bunaithe ar líon na bpáistí atá ann sa scoilbhliain reatha, seachas ar an líon acu a bhí ann sa scoilbhliain roimhe sin.
- Moltar sainaonad gaeleideachais a bhunú sa Roinn Oideachais sa dóigh go mbeidh foireann ann a thuigeann an earnáil níos fearr agus na riachtanais atá le comhlíonadh. Chuirfeadh sé seo le

forbairt na hearnála san fhadtéarma. Bheadh an sainaonad ag comhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta.

- Ba chóir go mbeadh an Roinn Oideachais níos airdealláí ar na moltaí agus ar an eolas a chuireann CATOC ar fáil di, is é sin an Coiste Áiseanna, Tacaíochta agus Oiliúna Curaclaim.
- Ní cainteoirí Gaeilge iad bunús na dtuismitheoirí a chuireann a bpáistí tríd an chóras gaelscolaíochta. Bíonn cuid mhaith acu ag brath ar thacaíocht neamhfhoirmiúil le heolas agus cuidiú a fháil. Tá struchtúr níos daingne de dhíth orthu le cabhrú leo an bealach a dhéanamh in éineacht lena gcuid páistí ar an aistear tríd an ghaelscolaíocht. Moltar acmhainní a chur ar fáil dóibh agus imeachtaí a eagrú le heolas a scaipeadh orthu. B'fhéidir go bhféadfaí a leithéid a fhí isteach leis an obair a dhéanann Glór na nGael leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga tí agus teaghlaigh.
- Moltar eolaire a chur le chéile de mhúinteoirí a bhfuil saineolas acu maidir le sainriachtanais oideachais ó tharla céimeanna máistreachta a bheith bainte amach acu sa ghort seo agus taithí mhaith a bheith acu sa seomra ranga.
- Tháinig trí mholadh as an staidéar a rinne Ní Chinnéide (2009). D'éiligh múinteoirí acmhainní praiticiúla, fóirsteanacha atá réidh le húsáid sa seomra ranga. Mhol siad fosta ionad for-rochtana a chuirfeadh tacaíocht éifeacht, fhóirsteanach, shaindeartha ar fáil d'earnáil na gaelscolaíochta. Luaigh siad cé go raibh an oiliúint a bhí ar fáil ó na Boird Oideachais agus Leabharlann úsáideach, gurbh úsáidí i bhfad oiliúint rialta a bhainfeadh go sonrach le hoideachas trí mheán na Gaeilge. Thiocfadh leis an Údarás Oideachais agus Comhairle na Gaelscolaíochta an oiliúint seo a chur ar fáil. Cuireann an tÁisaonad agus CCEA sainoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí nuair a eisíonn siad áiseanna úra.

Bhí dhá phríomh-mholadh ag COGG agus Pobal (2010). Is féidir mioneolas a fháil sa tuairisc a d'fhoilsigh siad féin ([anseo](#)) agus i staidéar féidearthachta a choimisiúnaigh an Roinn Oideachais in 2011 faoi forbairt uirlisí diagnóiseacha do pháistí sa chóras gaelscolaíochta a bhfuil sainriachtanais oideachais acu ([anseo](#)). Is iad seo a leanas na moltaí:

- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Oideachais, i gcomhar lena chéile nó faoi seach, infreastruchtúr sainriachtanais oideachais a forbairt chun freastal ar riachtanais oideachais trí mheán na Gaeilge;
- Ba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Roinn Oideachais tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt straitéis eolais agus chumarsáide maidir le sainriachtanais oideachais agus oideachas trí mheán na Gaeilge.

Áiseanna Foghlama agus Múinteoireachta don Chóras Gaelscolaíochta

- Ba chóir go mbeadh buiséad níos mó ag an Áisaonad le tuilleadh de na háiseanna atá de dhíth ar scoileanna a chur ar fáil.
- Ba chóir go mbeadh comhsheasmhacht ann ó thaobh maoinithe de agus go mbeadh cinnteacht fhadtéarmach ann. Faoi láthair tá forbairtí in earnáil na gaelscolaíochta ag brath ar thoil

pholaitiúil, ach tá cosaint reachtúil de dhíth sa dóigh gur féidir pleanáil níos fadtéarmaí a dhéanamh ar mhaith le hoideachas ardchaighdeán a chur ar fáil do pháistí.

- Moltar go ndéanfaidh oideachasóirí ó thuaidh staidéar ar an Churaclam Teanga na Bunscoile a cuireadh i bhfeidhm ó dheas i mí Mheán Fómhair 2017. Tá Contanaim Dul Chun Cinn curtha ar fáil ina leagtar amach na mionchéimeanna dul chun cinn a dhéanann páistí ina gcumarsáid agus ina dtuiscint. Déantar freastal ar gach cineál cainteora: cainteoirí dúcháis Gaeilge, iad siúd nach bhfuil Gaeilge ar bith á labhairt sa bhaile acu, cainteoirí nach iad an Ghaeilge ná an Béarla a máthairtheanga srl.
- Moltar catalóg áiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoin ábhar uile atá ar fáil. Is cosúil gurb í Comhairle na Gaelscolaíochta an t-eagrais is fearr leis an ról sin a chomhlíonadh.

An Ghaeilge san Oideachas Tríú Leibhéal

- Moltar an cúrsa bunchéime lánaimseartha i gcampas Bhéal Feirste Ollscoil Uladh a athbhunú mar bhí rath mór air agus tá ráchairt go fóill air.

